



Uimhir 5 de 2019

An tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 5 de 2019

AN tACHT UM CHOMHROINNT AGUS RIALACHAS SONRAÍ, 2019
[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Mínithe
3. Rialacháin agus Orduithe
4. Caiteachais

CUID 2

FEIDHM AN ACHTA

5. Feidhm an Achta maidir le hearnálacha speisialta sonraí pearsanta
6. An t-idirghníomhú leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
7. An t-idirghníomhú leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005
8. An t-idirghníomhú le hachtacháin eile
9. Comhroinnt sonraí: an bhrí atá leis
10. Comhlacht poiblí: an bhrí atá leis
11. Daoine éagtha
12. Eisiámh

CUID 3

RIALÁIL A DHÉANAMH AR CHOMHROINNT SONRAÍ

13. Comhroinnt sonraí: ceanglais
14. Treoruithe

CUID 4

COMHAONTUITHE UM CHOMHROINNT SONRAÍ

15. Feidhm (Cuid 4)
16. Oibleagáid chun comhaontú um chomhroinnt sonraí a dhéanamh
17. Ceanglais fhoirmiúla
18. Aontachas le comhaontú um chomhroinnt sonraí
19. Lánas comhaontaithe um chomhroinnt sonraí
20. Athbhreithniú ar oibriú comhaontaithe um chomhroinnt sonraí
21. An cheann-ghníomhaireacht
22. Scor

CUID 5

FAISNÉIS SEIRBHÍSE POIBLÍ

23. Mínithe (Cuid 5)
24. Feidhm (Cuid 5)
25. An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a Riaradh
26. Scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana a riaradh
27. Anailís ar bheartas seirbhíse poiblí
28. Iarrataí ar fhaisnéis
29. Measúnacht tionchair cosanta sonraí
30. Anaithnidiú
31. Córais faisnéise scéime pinsean
32. Trédhearcacht

CUID 6

FAISNÉIS GHNÓ

33. Mínithe (Cuid 6)
34. Feidhm (Cuid 6)
35. Uimhir céannachtóra gnó uathúil a leithroinnt
36. Faisnéis ghnó a nochtadh

CUID 7

BUNCHLÁRLANNA

37. Bunchlárann a shainainmniú

38. Úinéir bunchlárlainne
39. Faisnéis a phróiseáil
40. Téarmaí seirbhíse
41. Rochtain ar fhaisnéis
42. Oibleagáid chun bunchlárann a úsáid

CUID 8

TAIRSEACH ROCHTANA SONRAÍ PEARSANTA

43. Feidhm (Cuid 8)
44. Tairseach rochtana sonraí pearsanta a bhunú

CUID 9

RIALACHAS SONRAÍ

CAIBIDIL 1

An Bord um Rialachas Sonraí

45. An Bord a cheapadh
46. Feidhmeanna an Bhoird
47. Comhaltas den Bhord agus nithe gaolmhara
48. Coistí
49. Dícháilíocht chun comhaltas den Bhord a shealbhú
50. Éirí as comhaltas
51. Corrfholúntais
52. Tuairisciú

CAIBIDIL 2

Athbhreithniú ar Chomhaontuithe um Chomhroinnt Sonraí

53. Mínithe (Caibidil 2)
54. Eisiamh (Caibidil 2)
55. Comhchomhairliúchán poiblí
56. Doiciméadacht agus faisnéis a chur faoi bhráid an Bhoird
57. Athbhreithniú ar chomhaontú um chomhroinnt sonraí
58. Leasuithe tar éis athbhreithniú a dhéanamh
59. Comhaontú a fhorghníomhú
60. Foilsíú

61. Dáta éifeachtach an chomhaontaithe
62. Tréimhsí ama agus doiciméadacht

CAIBIDIL 3

Rialachas

63. Feidhm (Caibidil 3)
64. Rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin
65. Treoirlínte
66. Comhaontuithe eiseamláireacha
67. Rialacháin agus treoirlínte a fhoilsiú
68. Tuarascáil maidir le comhlíonadh

CUID 10

ILGHNÉITHEACH

69. Toirmeasc ar iarrataí ar dhoiciméid áirithe
70. Faisnéis a shonrú
71. Faisnéis maidir le comhroinnt sonraí a sholáthar
72. Leasú ar Acht 1997
73. Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011
74. Leasú ar an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005
75. Leasú ar an Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH BHFUIL FEIDHM AG AN MÍNIÚ AR “COMHLACHT POIBLÍ” MAIDIR LEO

[2019.]

*An tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas
Sonraí, 2019.*

[Uimh. 5.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)

An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)

Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (Uimh. 46)

An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 (Uimh. 21)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

Na hAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (Uimh. 28)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 (Uimh. 6)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Uimh. 2)

An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976 (Uimh. 32)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018

An tAcht Oideachais, 1998 (Uimh. 51)

An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (Uimh. 11)

An tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000 (Uimh. 27)

An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Uimh. 21)

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)

An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 (Uimh. 33)

An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 (Uimh. 26)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Uimh. 25)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)

An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)

An tAcht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017 (Uimh. 26)

Na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998

An tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017 (Uimh. 34)

An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (Uimh. 37)

An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Uimh. 7)

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)

An tAcht Staidrimh, 1993 (Uimh. 21)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht um Staidreamh Beatha agus um Chlárú Breitheanna, Bása agus Póstaí, 1952 (Uimh. 8)



Uimhir 5 de 2019

AN tACHT UM CHOMHROINNT AGUS RIALACHAS SONRAÍ, 2019

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le rialáil a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, idir comhlachtaí poiblí; do dhéanamh socrú maidir le rialáil a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí do bhainistiú faisnéise; do dhéanamh socrú maidir le bunchláranna a bhunú; do dhéanamh socrú maidir le faisnéis seirbhíse poiblí a bhailiú; do bhunú an Bhoird um Rialachas Sonraí; do leasú an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997; do leasú an Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005; do leasú an Achta Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011; do leasú an Achta fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [4 Márta 2019]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe

2. San Acht seo—
 - ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
 - ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;
 - ciallaíonn “Acht 2014” Acht na gCuideachtaí, 2014;
 - ciallaíonn “bunchlárann” bunachar sonraí a bheidh sainainmnithe amhlaidh in ordú arna dhéanamh faoi *alt 37(1)*;

ciallaíonn “úinéir bunchlárlainne” comhlacht poiblí a bheidh sonraithe amhlaidh i leith bunchlárlainne in ordú arna dhéanamh faoi *alt 37(1)*;

tá le “Bord” an bhrí a shanntar dó le *halt 45(1)*;

ciallaíonn “cuideachta” cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin;

tá le “rialaitheoir” an bhrí chéanna atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

ciallaíonn “measúnacht tionchair cosanta sonraí” measúnacht arna déanamh chun críocha Airteagal 35 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

ciallaíonn “an dlí cosanta sonraí”—

- (a) na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018,
- (b) an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,
- (c) dlí uile an Stáit lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus
- (d) dlí uile an Stáit lena dtugtar éifeacht nó tuilleadh éifeachta do Threoir 2016/680;

ciallaíonn “oifigeach cosanta sonraí”, i leith comhlacht poiblí, an duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú de réir Airteagal 37 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

déanfar “comhroinnt sonraí” a fhorléiriú de réir *alt 9*;

ciallaíonn “comhaontú um chomhroinnt sonraí” comhaontú idir dhá chomhlacht poiblí nó níos mó lena ndéantar foráil maidir le ceann amháin nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú do nochtadh faisnéise do cheann amháin nó níos mó de na páirtithe eile sa chomhaontú;

tá le “ábhar sonraí” an bhrí chéanna atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

tá le “bunachar sonraí” an bhrí chéanna atá leis san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000;

ciallaíonn “Treoir 2016/680” Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Creat-Chinneadh 2008/977/CGB¹ ón gComhairle;

tá le “achtachán” an bhrí chéanna atá leis san Acht Léiriúcháin, 2005;

ciallaíonn “an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí” Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE²;

folaíonn “faisnéis” sonraí;

1 IO Uimh. L 119, 4.5.2016, lch. 89.

2 IO Uimh. L 119, 4.5.2016, lch. 1.

tá le “córas faisnéise” an bhrí chéanna atá leis san Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000;

tá le “an cheann-ghníomhaireacht” an bhrí a shanntar dó le *halt 21*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

tá le “sonraí pearsanta” an bhrí chéanna atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 3(1)*;

tá le “próiseáil” an bhrí chéanna atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

déanfar “comhlacht poiblí” a fhorléiriú de réir *alt 10*;

tá le “scéim pinsean seirbhíse poiblí” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017;

ciallaíonn “earnálacha speisialta sonraí pearsanta” faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Rialacháin agus Orduithe

3. (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.
- (2) Gan dochar d’aon fhoráil den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.
- (3) Déanfar gach ordú (seachas ordú faoi *alt 1(2)*) agus rialachán faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán.

Caiteachais

4. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

FEIDHM AN ACHTA

Feidhm an Achta maidir le hearnálacha speisialta sonraí pearsanta

5. Ní bheidh feidhm ag an Acht seo, seachas *Cuid 5*, *Cuid 8* agus *Caibidil 3* de *Chuid 9*, maidir le hearnálacha speisialta sonraí pearsanta.

An t-idirghníomhú leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

6. (1) Faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear d'oibriú an dlí cosanta sonraí.
- (2) Ní bheidh feidhm ag alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 maidir le comhlacht poiblí amháin do nochtadh faisnéise do chomhlacht poiblí eile.
- (3) Ní aachtachán, faoina ndéantar foráil shonrach lena gceadaítear nó lena gceanglaítear comhroinnt sonraí a dhéanamh chun críoch *ailt 13(1), 15(1) nó 34(1)*, iad rialacháin arna ndéanamh faoi alt 38(4) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

An t-idirghníomhú leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005

7. (1) Faoi réir *fho-alt* (2), ní dhéanann an tAcht seo, seachas *Cuid 5* agus *Caibidil 3 de Chuid 9*, difear d'oibriú Acht 2005.
- (2) D'ainneoin alt 262(6)(b) d'Acht 2005, féadfaidh comhlacht sonraithe (dá ngairtear "an comhlacht sonraithe céadluaite" san alt seo), faoi réir *fho-alt* (3), an fhaisnéis atá i gcéannacht seirbhíse poiblí duine a nochtadh do chomhlacht sonraithe eile (dá ngairtear "an dara comhlacht sonraithe a luaitear" san alt seo), i gcás gur de réir an Achta seo a nochtfar an fhaisnéis.
- (3) Ní ceadmhach don chomhlacht sonraithe céadluaite an fhaisnéis atá i gcéannacht seirbhíse poiblí duine a nochtadh don dara comhlacht sonraithe a luaitear chun na críche atá sonraithe in *alt 13(2)(a)(ii)(VIII)*.
- (4) Maidir leis an tagairt atá i *bhfo-ailt* (2) agus (3) don fhaisnéis dá dtagraítear sna fo-ailt sin a nochtadh, foláíonn sí an dara comhlacht sonraithe a luaitear d'fháil rochtain ar an bhfaisnéis sin i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin i mbunchlárann arb é an comhlacht sonraithe céadluaite úinéir na bunchlárainne ina leith.
- (5) San alt seo—
- tá le "comhlacht sonraithe" an bhrí chéanna atá leis in alt 262 d'Acht 2005;
- tá le "céannacht seirbhíse poiblí" an bhrí chéanna atá leis in alt 262 d'Acht 2005, faoi réir an mhodhnaithe nach bhfoláíonn an tagairt, atá sa mhíniú ar an abairtín sin i bhfo-alt (1) den alt sin, d'fhaisnéis a shonraítear i bhfo-alt (3) den alt sin, tagairt d'earnálacha speisialta sonraí pearsanta.

An t-idirghníomhú le hachtacháin eile

8. (1) Faoi réir *alt 34(3)*, ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo difear d'oibriú alt 851A d'Acht 1997.
- (2) Faoi réir *alt 64(3)*, ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le faisnéis—
- (a) arna bailiú chun críoch staidrimh de réir an Achta Staidrimh, 1993, nó
- (b) arna nochtadh de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 2 den Acht um Staidreamh Beatha agus um Chlárú Breitheanna, Bása agus Póstaí, 1952.
- (3) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo, seachas *Caibidil 3 de Chuid 9*, maidir le faisnéis a nochtadh faoin Acht um Chlárú Sibhialta, 2004.

Comhroinnt sonraí: an bhrí atá leis

9. (1) San Acht seo, ciallaíonn “comhroinnt sonraí” comhlacht poiblí do nochtadh faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, do chomhlacht poiblí eile.
- (2) Chun críocha an Achta seo, maidir le breisiú nó athrú ar an bhfaisnéis a choimeádtar ar chóras faisnéise atá faoi rialú comhlacht poiblí agus a tharlaíonn go huathoibríoch de thoradh ar bhreisiú nó athrú ar fhaisnéis a choimeádtar ar chóras faisnéise atá faoi rialú comhlacht poiblí eile, measfar gurb éard é an dara comhlacht poiblí a luaitear do nochtadh na faisnéise, arna breisiú nó arna hathrú amhlaidh ar an gcóras faisnéise atá faoi rialú an chomhlachta phoiblí chéadluaite, don chomhlacht poiblí céadluaite.

Comhlacht poiblí: an bhrí atá leis

10. (1) San Acht seo, ciallaíonn “comhlacht poiblí”—
- (a) Aire den Rialtas,
 - (b) an tArd-Aighne,
 - (c) an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
 - (d) na Coimisinéirí Ioncaim,
 - (e) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,
 - (f) an Coimisinéir Luachála,
 - (g) an Garda Síochána,
 - (h) na Fórsaí Cosanta,
 - (i) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
 - (j) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
 - (k) bord oideachais agus oiliúna,
 - (l) scoil aitheanta arna bunú agus arna cothabháil ag bord oideachais agus oiliúna,
 - (m) bord scoile aitheanta arna bunú agus arna cothabháil ag bord oideachais agus oiliúna,
 - (n) comhlacht (seachas comhlacht díolmhaithe) arna bhunú—
 - (i) le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Acht 2014 nó achtachán roimhe sin a bhaineann le cuideachtaí de réir bhrí alt 5 den Acht sin), nó
 - (ii) faoi Acht 2014, nó faoi achtachán roimhe sin a bhaineann le cuideachtaí de réir bhrí alt 5 den Acht sin, de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach trí airgead arna sholáthar, nó trí iasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,

a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí ann ina leith, nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith, nó a bhféadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,

- (o) comhlacht (seachas comhlacht díolmhaithe) a ndéantar go díreach nó go neamhdhíreach é a chistiú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí ann ina leith, nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith, nó a bhféadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,
- (p) aon fhochuideachta do chomhlacht, nó aon chuideachta atá faoi rialú (de réir na brí a thugtar le halt 10 d’Acht 1997) comhlacht lena mbaineann *mír (i), (j), (k), (n)* nó *(o)* agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí ann ina leith, nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith, nó a bhféadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith, agus
- (q) aon chomhlacht eile arna shonrú in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (4)*.
- (2) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire den Rialtas a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht sin dílsithe dó nó di, agus tar éis aird a thabhairt ar na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, le hordú, comhlacht a dhíolmhú a fholófaí thairis sin sa mhíniú ar “comhlacht poiblí” i *bhfo-alt (1)*.
- (3) Beidh aird ag an Aire, sula ndéanfaidh sé nó sí ordú faoi *fho-alt (2)*, i dtaobh an amhlaidh—
- (a) go bhfuil an comhlacht a bhfuil sé beartaithe é a shonrú san ordú ag gabháil, le haghaidh luaíochta, d’earraí a tháirgeadh, a sholáthar nó a dháileadh, nó do sheirbhíse a sholáthar, agus
- (b) go bhféadfadh sé gurbh é a thiocfadh den chomhlacht sin d’úsáid faisnéis a nocht comhlacht poiblí dó, go ndéanfaí iomaíocht i dtrádáil aon earraí nó seirbhísí sa Stát nó in aon chuid den Stát a shaobhadh.
- (4) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh a fháil ó chomhlacht nach bhfolófaí thairis sin sa mhíniú ar “comhlacht poiblí” i *bhfo-alt (1)* agus le toiliú an Aire den Rialtas a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht sin dílsithe dó nó di, le hordú, an comhlacht sin a shainaimniú mar chomhlacht poiblí, más rud é—
- (a) go maoinítear an comhlacht sin go hiomlán nó go páirteach, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, trí airgead arna sholáthar, nó trí iasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas, agus
- (b) gur deimhin leis an Aire gurbh é príomhghníomhaíocht an chomhlachta seirbhísí a sheachadadh ar an bpoibál faoi chomhaontú le comhlacht poiblí.
- (5) San alt seo—
- ciallaíonn “Acht 1998” an tAcht Oideachais, 1998;
- tá le “bord” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998;
- ciallaíonn “bord oideachais agus oiliúna” bord oideachais agus oiliúna arna bhunú faoi alt 9 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013;
- ciallaíonn “comhlacht díolmhaithe”—
- (a) comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa *Sceideal*,

- (b) comhlacht arna shonrú in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)*,
- (c) scoil aitheanta (seachas scoil aitheanta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(l)*),
- (d) bord (seachas bord dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(m)*), agus
- (e) coiste bainistíochta arna bhunú faoi alt 37(3) d’Acht 1998;
tá le “scoil aitheanta” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1998.

Daoine éagtha**11.** Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

- (a) aon tagairt san Acht seo do dhuine, folaíonn sí tagairt do dhuine éagtha, agus
- (b) aon tagairt san Acht seo do shonraí pearsanta nó d’earnálacha speisialta sonraí pearsanta, folaíonn sí tagairt do shonraí pearsanta duine éagtha nó d’earnálacha speisialta sonraí pearsanta duine éagtha, de réir mar a bheidh.

Eisiamh**12.** (1) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le comhroinnt sonraí chun na gríoch seo a leanas—

- (a) cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú,
- (b) ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh,
- (c) fineáil nó pianbhreith phríosúnachta a fhorchur nó a fhorghníomhú,
- (d) feidhmeanna an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a fheidhmiú,
- (e) slándáil an Stáit a chosaint, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:
 - (i) cionta atá faoi réim na nAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998, an Achta um an Dlí Coiriúil, 1976, an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;
 - (ii) an Stát a chosaint ar na nithe seo a leanas—
 - (I) spiaireacht,
 - (II) sabaitéireacht,
 - (III) gníomhartha neamhdhleathacha a dhéanann, nó lena bhfuil ar intinn, an daonlathas parlaiminteach nó institiúidí an Stáit a threascairt nó a bhonnbhrieadh, agus
 - (IV) gníomhartha a bhaineann le cur isteach coigríche a dhéanann dochar, nó lena bhfuil ar intinn dochar a dhéanamh, do leasanna an Stáit agus atá folaitheach nó mealltach nó lena ngabhann bagairt ar aon duine,
cibé acu is gníomhartha a threoraítear ón Stát, nó a dhéantar nó a bhfuil ar intinn a dhéanamh laistigh den Stát, nó nach ea,

- (f) cumais, intinní nó gníomhaíochtaí coigríche laistigh den Stát nó a bhaineann leis an Stát a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar leas idirnáisiúnta nó ar leas eacnamaíoch an Stáit,
 - (g) comhoibriú le húdaráis i stáit eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta arb aidhm dóibh an tsíocháin idirnáisiúnta, an t-ord poiblí agus an tslándáil phoiblí a chosaint,
 - (h) an Stát a chosaint, nó
 - (i) caidreamh idirnáisiúnta an Stáit.
- (2) Faoi réir *Chuid 5*, ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le comhlacht poiblí do dhéanamh sonraí pearsanta ábhair sonraí a nochtadh do chomhlacht poiblí eile chun críoch riaracháin inmheánaigh de chuid an chomhlachta phoiblí chéadluaite nó an dara comhlacht poiblí a luaitear.
- (3) Maidir leis an tagairt i *bhfo-alt (2)* do chríocha riaracháin inmheánaigh, folaíonn sí tagairt do chríocha a bhaineann le fostaíocht an ábhair sonraí lena mbaineann.

CUID 3

RIALÁIL A DHÉANAMH AR CHOMHROINNT SONRAÍ

Comhroinnt sonraí: ceanglais

13. (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le comhlacht poiblí do nochtadh sonraí pearsanta do chomhlacht poiblí eile, i gcás nach bhfuil achtachán ar bith eile ná dlí de chuid an Aontais Eorpaigh i ngníomh faoina ndéantar foráil shonrach lena gceadaítear nó lena gceanglaítear comhroinnt sonraí den sórt sin.
- (2) Ní ceadmhach do chomhlacht poiblí sonraí pearsanta a nochtadh do chomhlacht poiblí eile, i gcás ina bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis an nochtadh sin, ach amháin más rud é—
- (a) go nochtfar na sonraí pearsanta lena mbaineann—
 - (i) chun feidhm de chuid an chomhlachta phoiblí chéadluaite nó an dara comhlacht poiblí a luaitear a chomhlíonadh, agus
 - (ii) chun aon chríche amháin nó níos mó de na críocha seo a leanas:
 - (I) chun céannacht duine a fhíorú, i gcás go bhfuil seirbhís á soláthar ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear don duine sin nó go mbeartaíonn an comhlacht poiblí céadluaite nó an dara comhlacht poiblí a luaitear seirbhís a sholáthar don duine sin;
 - (II) chun faisnéis earráideach atá á sealbhú ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear a shainaithint agus a cheartú;
 - (III) chun go seachnófaí an t-ualach airgeadais nó riaracháin a d'fhorchuirfí thairis sin ar dhuine a bhfuil seirbhís á seachadadh nó le seachadadh air nó uirthi ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear, dá ndéanfadh an dara comhlacht poiblí a luaitear na sonraí pearsanta a bhailiú go díreach ón duine sin;

- (IV) chun a shuíomh an bhfuil duine i dteideal go soláthrófar seirbhís dó nó di is seirbhís atá á seachadadh ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear, ar bhonn faisnéis a sholáthair an duine sin don chomhlacht poiblí céadluaite roimhe sin (nó do chomhlacht poiblí eile a nocht an fhaisnéis don chomhlacht poiblí céadluaite roimhe sin);
- (V) chun go n-éascófar riaradh, maoirsiú agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais atá seachadta nó curtha i ngníomh, nó atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear, nó lena aghaidh, nó thar a cheann;
- (VI) chun go n-éascófar feabhsú nó spriocdhíriú seirbhíse, cláir nó beartais atá seachadta nó curtha i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear, nó lena aghaidh, nó thar a cheann;
- (VII) chun a chumasú go ndéanfar meastóireacht, formhaoirsiú nó athbhreithniú ar sheirbhís, clár nó beartas atá seachadta nó curtha i ngníomh, nó atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag an gcomhlacht poiblí céadluaite nó ag an dara comhlacht poiblí a luaitear, nó lena aghaidh, nó thar a cheann;
- (VIII) chun go n-éascófar anailís ar struchtúr, feidhmeanna, acmhainní agus ar mhodhanna seachadta seirbhíse an chomhlachta phoiblí chéadluaite nó an dara comhlacht poiblí a luaitear,
- (b) go ndéanfar na sonraí pearsanta lena mbaineann a nochtadh faoi chomhaontú um chomhroinnt sonraí agus dá réir i gcomhlíonadh *Chuid 4*,
- (c) go ndéanfaidh an comhlacht poiblí céadluaite agus an dara comhlacht poiblí a luaitear—
- (i) na rialacha, na nósanna imeachta agus na caighdeáin, más ann, arna bhforordú faoi *alt 64* a chomhlíonadh,
- (ii) aird a thabhairt ar na treoirlínte, más ann, arna n-eisiúint faoi *alt 65*, agus
- (iii) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (3) d'alt 66*, an fo-alt sin a chomhlíonadh,
- (d) i gcás ina mbeidh an dara comhlacht poiblí a luaitear ag gabháil, le haghaidh luaíochta, d'earraí a tháirgeadh, a sholáthar nó a dháileadh, nó do sheirbhísí a sholáthar, nach bhféadfadh sé gurbh é a thiocfadh den chomhlacht poiblí sin d'úsáid na sonraí pearsanta go ndéanfaí iomaíocht i dtrádáil na n-earraí nó na seirbhísí sin sa Stát nó in aon chuid den Stát a shaobhadh,
- (e) go bhfuair an comhlacht poiblí céadluaite na sonraí pearsanta lena mbaineann go dleathach agus go raibh siad á sealbhú aige go dleathach, agus
- (f) go ndéanfar na sonraí pearsanta lena mbaineann a nochtadh de réir na bhforálacha eile den Acht seo is infheidhme maidir le nochtadh sonraí pearsanta lena mbaineann an t-alt seo agus de réir aon achtachán eile nó dlí de chuid an Aontais Eorpaigh is infheidhme maidir leis an gcomhlacht poiblí céadluaite nó leis an dara comhlacht poiblí a luaitear, agus

- (g) maidir le nochtadh na sonraí pearsanta—
- (i) go bhfuil sé riachtanach chun na feidhmeanna a chomhlíonadh arb i ndáil leo atá an fhaisnéis á nochtadh, agus
 - (ii) go bhfuil sé comhréireach i gcomhthéacs na feidhmeanna sin a chomhlíonadh agus i gcomhthéacs éifeachtaí an nochtadh ar chearta na n-ábhar sonraí lena mbaineann.
- (3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)(b)* maidir le sonraí pearsanta a nochtadh faoi *Chuid 5*.

Treoruithe

14. (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú cibé Aire eile den Rialtas, más ann, a bhfuil feidhmeanna dílsithe dó nó di i ndáil le comhlacht poiblí a mbeartaíonn an tAire treorú a eisiúint chuige, agus tar éis aird a thabhairt ar na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)*, treorú a thabhairt do chomhlacht poiblí nó do chomhlachtaí poiblí faisnéis a nochtadh do chomhlacht poiblí nó do chomhlachtaí poiblí eile.
- (2) Sonrófar i dtreorú faoi *fo-alt (1)* na comhlachtaí poiblí a bhfuil feidhm aige maidir leo agus an fhaisnéis a bheidh le nochtadh.
- (3) Féadfar, le treorú faoi *fo-alt (1)*, coinníollacha a shonrú ar dá réir a bheidh faisnéis shonraithe le nochtadh.
- (4) I gcás go sonrófar i dtreorú faoi *fo-alt (1)* coinníollacha ar dá réir a bheidh faisnéis shonraithe le nochtadh, déanfar na coinníollacha sin a léiriú i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí a bhainfidh le nochtadh na faisnéise a bheidh sonraithe sa treorú.
- (5) Ní bheidh feidhm ag *Cuid 4* maidir le comhaontú um chomhroinnt sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* mura mbeidh feidhm ag *alt 13* maidir leis an nochtadh lena mbaineann an treorú áirithe.
- (6) Ní eiseoidh an tAire treorú chuig comhlacht poiblí faoi *fo-alt (1)* más rud é—
- (a) go dtairmistear, le dlí de chuid an Aontais Eorpaigh nó le haon achtachán, an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh, nó
 - (b) go mbeadh de thoradh ar chomhlíonadh an treoraithe go sáródh comhlacht poiblí an tAcht seo, achtachán eile nó dlí de chuid an Aontais Eorpaigh.
- (7) Sula ndéanfaidh an tAire treorú faoi *fo-alt (1)* a eisiúint, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis na comhlachtaí poiblí lena mbaineann, mar aon le cibé Aire eile den Rialtas, más ann, is cuí leis an Aire agus beidh aird aige nó aici ar fheidhmeanna an Aire eile sin.
- (8) Beidh aird ag an Aire, chun críocha *fo-alt (1)*, i dtaobh an amhlaidh, dá nochtfaí an fhaisnéis lena mbaineann—
- (a) go gcuideodh sé le feidhm de chuid ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí lena mbaineann a chomhall—
 - (i) trí laghdú a dhéanamh ar dhúbailt na dtascanna arna gcomhall ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó,
 - (ii) trí éifeachtúlacht comhlachta phoiblí a mhéadú i dtaca leis an bhfeidhm sin a chomhall, nó

- (iii) trí fheabhas a éascú i dtaca le cáilíocht na seirbhísí atá á seachadadh,
- (b) go gcuideodh sé le comhlacht poiblí chun céannacht duine a fhaigheann seirbhís atá á seachadadh ag an gcomhlacht poiblí a fhíorú,
- (c) go gcuideodh sé le haon fhaisnéis earráideach atá á sealbhú ag ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí poiblí lena mbaineann a shainaitheint nó a cheartú,
- (d) go laghdódh sé an gá atá ann go soláthródh duine an fhaisnéis chéanna do níos mó ná comhlacht poiblí amháin,
- (e) go gcuideodh sé le comhlacht poiblí chun a shuíomh an bhfuil duine i dteideal seirbhís atá á seachadadh ag an gcomhlacht poiblí,
- (f) go n-éascódh sé riaradh, maoirsiú agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí,
- (g) go n-éascódh sé feabhsú nó spriocdhírú seirbhíse, cláir nó beartais atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí,
- (h) go gcumasódh sé meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhís, clár nó beartas atá seachadta nó curtha i ngníomh, nó atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí, nó
- (i) go n-éascódh sé anailís ar struchtúr, feidhmeanna, acmhainní agus ar mhodhanna seachadta seirbhíse comhlachta phoiblí.
- (9) Déanfaidh comhlacht poiblí lena mbaineann treorú faoi *fho-alt (1)* an treorú a chomhlíonadh.
- (10) Más rud é, tar éis treorú a eisiúint faoi *fho-alt (1)*—
- (a) go dtiocfaidh sé chun bheith toirmisce, le dlí de chuid an Aontais Eorpaigh nó le haon achtachán, an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh, nó
- (b) go mbeadh de thoradh ar chomhlíonadh an treoraithe go sáródh comhlacht poiblí an tAcht seo, achtachán eile nó dlí de chuid an Aontais Eorpaigh,
- scoirfidh an treorú, faoi réir *fho-alt (11)*, d'éifeacht a bheith leis.
- (11) I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí, i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoi Airteagal 58(2)(f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, teorainn shealadach a fhorchur ar nochtadh faisnéise de réir treorú faoi *fho-alt (1)*, scoirfidh an treorú d'éifeacht a bheith leis go dtí go rachaidh an teorainn shealadach sin in éag.

CUID 4

COMHAONTUITHE UM CHOMHROINNT SONRAÍ

Feidhm (Cuid 4)

15. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, tá feidhm ag an gCuid seo maidir le comhlacht poiblí do nochtadh sonraí pearsanta do chomhlacht poiblí eile, i gcás nach bhfuil achtachán ar bith eile ná dlí

de chuid an Aontais Eorpaigh i ngníomh faoina ndéantar foráil shonrach lena gceadaítear nó lena gceanglaítear comhroinnt sonraí den sórt sin.

(2) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le sonraí pearsanta a nochtadh faoi *Chuid 5*.

Oibleagáid chun comhaontú um chomhroinnt sonraí a dhéanamh

16. Déanfaidh comhlacht poiblí comhaontú um chomhroinnt sonraí leis an gcomhlacht poiblí a mbeartaíonn sé sonraí pearsanta a nochtadh dó sula gcuirfidh sé tús leis an nochtadh sin, i gcás ina mbeidh feidhm ag an gCuid seo maidir leis an nochtadh sin.

Ceanglais fhoirmiúla

17. Is i scríbhinn a bheidh comhaontú um chomhroinnt sonraí.

Aontachas le comhaontú um chomhroinnt sonraí

18. (1) Féadfaidh comhlacht poiblí, nár shínteoir le comhaontú um chomhroinnt sonraí ar dháta a fhorghníomhaidhe é, aontú leis an gcomhaontú trí chomhaontú aontachais leis an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí a fhorghníomhú.

(2) Maidir le comhaontú aontachais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, is í an cheann-ghníomhaireacht a bheidh sonraithe sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann a dhéanfaidh, thar ceann na gcomhlachtaí poiblí ba pháirtithe sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí sin díreach roimh an gcomhaontú aontachais a fhorghníomhú, é a fhorghníomhú de réir *alt 21(1)*.

(3) Tabharfaidh ceann-ghníomhaireacht a bheidh sonraithe i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí de réir *alt 21(1)* fógra don Bhord sula bhforghníomhóidh sí comhaontú aontachais leis an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí sin.

Lánas comhaontaithe um chomhroinnt sonraí

19. (1) Maidir le comhaontú um chomhroinnt sonraí—

- (a) sonrófar ann ainmneacha na bpáirtithe sa chomhaontú i sceideal a ghabhfaidh leis an gcomhaontú,
- (b) sonrófar ann an fhaisnéis a bheidh le nochtadh,
- (c) sonrófar ann an chríoch atá le comhroinnt na sonraí,
- (d) sonrófar ann feidhm an chomhlachta poiblí áirithe lena mbaineann an chríoch dá dtagraítear i *mír (c)*,
- (e) sonrófar ann an bonn dlíthiúil atá le comhroinnt na sonraí agus le haon phróiseáil bhreise, a dhéanfaidh na páirtithe sa chomhaontú, ar an bhfaisnéis a bheidh le nochtadh faoin gcomhaontú,
- (f) sonrófar ann cibé acu is ó ábhar sonraí nó ó chomhlacht poiblí a thiocfaidh an t-ugach chun faisnéis a nochtadh faoin gcomhaontú,
- (g) sonrófar ann cibé acu, i gcás go nochtfar faisnéis faoin gcomhaontú, is faisnéis i ndáil le hábhair sonraí aonair nó i ndáil le haicmí ábhar sonraí a bheidh á nochtadh,

- (h) sonrófar ann cibé acu is ar bhonn aonuaire nó ar bhonn leanúnach a bheidh faisnéis á nochtadh faoin gcomhaontú,
- (i) sonrófar ann an chaoi ina bpróiseálfar an fhaisnéis a bheidh le nochtadh tar éis a nochtta,
- (j) sonrófar ann aon srianta le faisnéis a nochtadh tar éis na próiseála dá dtagraítear i *mír (i)*,
- (k) áireofar ann gealltanais ó na páirtithe sa chomhaontú chun Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh le linn faisnéis a nochtadh faoin gcomhaontú,
- (l) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil le comhroinnt na sonraí, áireofar ann achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i sceideal a ghabhfaidh leis an gcomhaontú,
- (m) sonrófar ann na bearta slándála a chuirfear chun feidhme maidir le sonraí pearsanta a tharchur agus a stóráil agus maidir le rochtain a fháil ar na sonraí sin, ar mhodh nach gcuirfidh na bearta slándála sin i mbaol,
- (n) sonrófar ann na ceanglais i ndáil leis na nithe seo a leanas a choinneáil—
 - (i) an fhaisnéis a bheidh le nochtadh, agus
 - (ii) an fhaisnéis is toradh ar phróiseáil na faisnéise sin,
 ar feadh ré an chomhaontaithe agus i gcás go bhfoirceannfar an comhaontú,
- (o) sonrófar ann an modh a bheidh le húsáid chun iad seo a leanas a dhíothú nó a scriosadh—
 - (i) an fhaisnéis a bheidh le nochtadh, agus
 - (ii) an fhaisnéis is toradh ar phróiseáil na faisnéise sin,
 ag deireadh na tréimhse ar ar a feadh a bheidh an fhaisnéis le coinneáil de réir an chomhaontaithe,
- (p) sonrófar ann an nós imeachta ar dá réir a fhéadfaidh páirtí tarraingt siar as an gcomhaontú,
- (q) áireofar ann cibé nithe eile a fhorordófar faoi *fho-alt (2)*,
- (r) áireofar ráiteas i sceideal a ghabhfaidh leis an gcomhaontú ina dtabharfar achoimre ar an anailís a bheidh déanta ag na páirtithe i ndáil leis na nithe seo a leanas—
 - (i) a mhéid atá nochtadh na faisnéise riachtanach chun na feidhmeanna a chomhlíonadh arb i ndáil leo a bheidh an fhaisnéis á nochtadh, agus
 - (ii) a mhéid atá an nochtadh agus na coimircí is infheidhme maidir leis an nochtadh sin comhréireach i gcomhthéacs chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus i gcomhthéacs éifeachtaí an nochtta ar chearta na n-ábhar sonraí lena mbaineann.

- (2) Féadfaidh an tAire nithe a fhorordú, i dteannta na nithe sin a liostaítear i *bhfo-alt (1)*, a bheidh le háireamh i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí, i gcás gur deimhin leis nó léi, maidir leis na nithe sin a áireamh—
- (a) go mbeadh sé ar comhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus
- (b) (i) go bhfeabhsódh sé trédhearcacht i dtaobh comhlachtaí poiblí do chomhroinnt faisnéise, nó
- (ii) go n-éascódh sé dea-rialachas i dtaca le comhlachtaí poiblí do chomhroinnt faisnéise.
- (3) Féadfar foráil a dhéanamh le comhaontú um chomhroinnt sonraí maidir le nithe i dteannta na nithe sin a liostaítear i *bhfo-alt (1)*.

Athbhreithniú ar oibriú comhaontaithe um chomhroinnt sonraí

20. (1) Déanfaidh na páirtithe i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí athbhreithniú ar oibriú an chomhaontaithe ar bhonn rialta, agus déanfar gach athbhreithniú den sórt sin ar dháta nach déanaí ná 5 bliana—
- (a) i gcás an chéad athbhreithnithe den sórt sin faoin bhfo-alt seo, ón dáta ar a dtáinig an comhaontú in éifeacht de réir *alt 61* (dá ngairtear an “dáta éifeachtach” san alt seo), agus
- (b) i gcás gach athbhreithnithe ina dhiaidh sin faoin bhfo-alt seo, ó dháta an athbhreithnithe roimhe sin faoin bhfo-alt seo.
- (2) Breithneofar, in athbhreithniú faoi *fho-alt (1)*, tionchar na n-athruithe teicniúla, beartais agus reachtacha a bheidh tar éis tarlú ó dháta an athbhreithnithe roimhe sin faoin bhfo-alt sin nó, i gcás an chéad athbhreithnithe faoin bhfo-alt sin, ón dáta éifeachtach.
- (3) I gcás gur cuí leis na páirtithe i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí é, tar éis athbhreithniú faoi *fho-alt (1)* a chríochnú, ullmhóidh siad dréacht-chomhaontú leasaitheach chun go gcuirfead i gcuntas tionchar na n-athruithe teicniúla, beartais agus reachtacha a bheidh tar éis tarlú ó dháta an athbhreithnithe roimhe sin faoin bhfo-alt sin nó, i gcás an chéad athbhreithnithe faoin bhfo-alt sin, ón dáta éifeachtach.
- (4) Déanfar dréacht-chomhaontú leasaitheach arna ullmhú de réir *fho-alt (3)* a chur i gcomhair athbhreithniú de réir *Chaibidil 2 de Chuid 9*.

An cheann-ghníomhaireacht

21. (1) Sonrófar i gcomhaontú um chomhroinnt sonraí páirtí (dá ngairtear “an cheann-ghníomhaireacht” san Acht seo) sa chomhaontú sin a bheidh freagrach as na feidhmeanna a leagtar amach i *bhfo-alt (3)* a chomhall.
- (2) Faoi réir *alt 38(1)(e)* agus cheal comhaontaithe, is í an cheann-ghníomhaireacht i leith comhaontú um chomhroinnt sonraí—
- (a) i gcás nach mbeidh ach ceann amháin de na páirtithe sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí ina rialaitheoir i leith na faisnéise a bheidh á nochtadh nó a bheidh le nochtadh faoin gcomhaontú sin, an páirtí sin, agus

- (b) i gcás go mbeidh níos mó ná páirtí amháin sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí ina rialaitheoir i leith na faisnéise a bheidh á nochtadh nó a bheidh le nochtadh faoin gcomhaontú sin, an rialaitheoir arna ainmniú ag na rialaitheoirí sin chun bheith ina cheann-ghníomhaireacht i leith an chomhaontaithe sin.
- (3) Déanfaidh an cheann-ghníomhaireacht—
- (a) i gcás go n-aontóidh comhlacht poiblí, nár shínitheoir leis an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann ar dháta a fhorghníomhaithe é, leis an gcomhaontú de réir *alt 18* nó i gcás go dtarraingeoidh páirtí siar as an gcomhaontú, nuashonrú ar an sceideal dá dtagraítear in *alt 19(1)(a)*,
- (b) fógra a thabhairt do na páirtithe sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann i dtaobh aon athruithe ar an sceideal dá dtagraítear in *alt 19(1)(a)*,
- (c) i gcás go dtarraingeoidh páirtí arbh í an cheann-ghníomhaireacht í siar as an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann, an comhaontú a leasú dá réir, agus
- (d) cóip de na tátail a bhainfear as athbhreithniú ar an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann, arna dhéanamh faoi *alt 20*, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aici nó thar a ceann.
- (4) I gcás go mbeidh faisnéis i leith duine, nó go gcreidfidh an duine go bhfuil faisnéis ina leith, ar áireamh san fhaisnéis a bheidh nochtá nó a bheidh le nochtadh faoi chomhaontú um chomhroinnt sonraí, féadfaidh an duine sin iarraidh i ndáil le feidhmiú cirt de chuid an duine sin faoi Airteagal 15, 16, 17, 18, 20 nó 21 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i leith na faisnéise sin a dhírú chuig an gceann-ghníomhaireacht a bheidh sonraithe sa chomhaontú um chomhroinnt sonraí sin.
- (5) I gcás go bhfaighidh ceann-ghníomhaireacht iarraidh de réir *fho-alt (4)*, déanfaidh an cheann-ghníomhaireacht—
- (a) i gcás nach rialaitheoir i leith na faisnéise lena mbaineann an cheann-ghníomhaireacht, an iarraidh a chur chuig an rialaitheoir, nó
- (b) i gcás gur comhrialaitheoir (de réir bhrí Airteagal 26 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) i leith na faisnéise lena mbaineann an cheann-ghníomhaireacht, an iarraidh a chur chuig an gcomhrialaitheoir eile,
- a luaithe is indéanta tar éis an iarraidh a fháil.

Scor

22. (1) I gcás go rachaidh comhaontú um chomhroinnt sonraí in éag nó go bhfoirceannfar é, tabharfaidh an cheann-ghníomhaireacht fógra don Aire a luaithe is indéanta tar éis an dul in éag nó an fhoirceanta sin, de réir mar a bheidh.
- (2) I gcás go bhfaighidh an tAire fógra faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an tAire—
- (a) fógra sa chéill go bhfuil an comhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann dulta in éag, nó go ndearnadh é a fhoirceannadh, de réir mar a bheidh, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici, agus
- (b) a chinntiú, i gcás go bhfaighfear rochtain ar chóip den chomhaontú um chomhroinnt sonraí lena mbaineann nó de dhoiciméadacht i ndáil leis an gcéanna ar an suíomh

gréasáin arna chothabháil ag an Aire, gur léir don duine a mbeidh rochtain á fáil aige nó aici ar an bhfaisnéis go bhfuil an comhaontú lena mbaineann dulta in éag nó go ndearnadh é a fhoirceannadh, de réir mar a bheidh.

CUID 5

FAISNÉIS SEIRBHÍSE POIBLÍ

Mínithe (Cuid 5)**23. (1) Sa Chuid seo—**

ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn “Acht 2011” an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011;

ciallaíonn “Acht 2012” an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012;

folaíonn “riaradh”, i ndáil le scéim pinsean, na bearta teicniúla agus eagrúcháin arna gcur i ngníomh ag comhlacht seirbhíse poiblí chun an scéim a riaradh;

ciallaíonn “anaithnidithe” i ndáil le sonraí pearsanta, próiseáilte ar shlí nach féidir na sonraí pearsanta a lua i leith ábhar sonraí sonracha a thuilleadh;

tá le “leanbh” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012;

forléireofar “páirtnéir sibhialta” de réir alt 3 d’Acht 2010;

ciallaíonn “iarchomhalta de scéim” duine ba chomhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí le linn thréimhse a fostaíochta nó a fostaíochta le comhlacht seirbhíse poiblí, is cuma cé acu a dílsíodh nó nár dílsíodh teidlíocht don duine sin mar chomhalta den scéim sin;

ciallaíonn “ordú coigeartaithe pinsin” ordú faoi—

(a) alt 12 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995,

(b) alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996,

(c) alt 121 d’Acht 2010, nó

(d) alt 187 d’Acht 2010;

ciallaíonn “tairbhí de chuid scéim pinsean” duine, seachas comhalta de scéim, iarchomhalta de scéim nó pinsinéir, ag a bhfuil, nó ag a raibh, teidlíocht chun sochair faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “faisnéis maidir le comhaltas de scéim pinsean” an fhaisnéis arna sealbhú ag comhlacht seirbhíse poiblí nó thar a cheann chun na gcríoch seo a leanas—

(a) cuntas iomlán cuí a choimeád ar na ranníocaí a dhéanann comhalta de scéim nó iarchomhalta de scéim a íoc nó a aisíoc faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí,

- (b) cuntas iomlán cuí a choimeád ar na sochair a fhabhraíonn comhalta de scéim nó iarchomhalta de scéim nó a thugtar ar ais dó nó di faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí,
- (c) cuntas iomlán cuí a choimeád ar na sochair uile a foctar nó is iníoctha le comhalta de scéim, le hiarchomhalta de scéim, le pinsinéir nó le haon tairbhí eile de chuid scéim pinsean faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí,
- (d) incháilitheacht duine faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí a chinneadh,
- (e) na ranníocaí agus na sochair dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b)* a ríomh nó a athríomh, nó
- (f) scéim pinsean seirbhíse poiblí a riaradh go héifeachtach;

ciallaíonn “pinsinéir” duine—

- (a) atá i dteideal go n-íocfar pinsean seirbhíse poiblí leis nó léi faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí,
- (b) ag a bhfuil sochar caomhnaithe faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí, nó
- (c) is céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir marthanach (nó iarchéile, iarpháirtnéir sibhialta nó iar-chomhchónaitheoir marthanach) nó leanbh marthanach comhalta de scéim nó iarchomhalta de scéim atá i dteideal nó a fhéadfaidh teacht chun bheith i dteideal pinsean seirbhíse poiblí a íoc leis nó léi;

tá le “scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012;

tá le “sochar caomhnaithe” an bhrí chéanna atá leis san Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004;

ciallaíonn “curtha faoi ainm bréige” i ndáil le sonraí pearsanta, próiseáilte ar shlí nach féidir na sonraí pearsanta a lua i leith ábhar sonraí sonracha a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, i gcás gurb amhlaidh, maidir leis an bhfaisnéis bhreise sin—

- (a) go gcoimeádtar í ar leithligh ó na sonraí pearsanta, agus
- (b) go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagrúcháin chun a chinntiú nach ndéanfar na sonraí pearsanta a lua i leith duine nádúrtha céannaithe nó inchéannaithe;

ciallaíonn “seirbhíseach poiblí”—

- (a) duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a shealbháíonn aon oifig nó post eile i gcomhlacht seirbhíse poiblí,
- (b) an tUachtarán,
- (c) Aire den Rialtas nó Aire Stáit,
- (d) comhalta de Dháil Éireann,
- (e) comhalta de Sheanad Éireann,
- (f) sealbhóir oifige breithiúnaí,
- (g) an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

(h) comhalta d'údarás áitiúil, nó

(i) aon duine eile is comhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí;

tá le “comhlacht seirbhíse poiblí” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012, faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar an tagairt don Státseirbhís sa mhíniú ar “comhlacht seirbhíse poiblí” in alt 5 den Acht sin a fhorléiriú mar thagairt do dhuine nó do chomhlacht ar státseirbhísigh (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) iad a fhostaithe nó a fostaithe;

ciallaíonn “pinsean seirbhíse poiblí” íocaíocht thréimhsiúil pinsin nó sochair eile cibé ainm a thugtar air, nach cnapshuim, is iníoctha le seirbhíseach poiblí nó ina leith, nó le hiarsheirbhíseach poiblí nó ina leith, faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí;

tá le “údarás iomchuí” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012;

ciallaíonn “comhalta de scéim” seirbhíseach poiblí is comhalta de scéim pinsean seirbhíse poiblí, is cuma cé acu a dílsíodh nó nár dílsíodh teidlíocht don seirbhíseach poiblí sin mar chomhalta den scéim sin;

ciallaíonn “achomharc pinsean reachtúil” próiseas dá bhforáiltear in achtachán chun díospóid i ndáil le teidlíocht faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí a réiteach;

tá le “líonra aistriithe” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 den Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin fá na Rialacha maidir le Comhaltaí de Scéimeanna Pinsean Seirbhíse Poiblí atá ann Cheana, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014).

- (2) Chun críocha na Coda seo, tá le “comhchónaitheoir” an bhrí a shanntar dó i bhfo-alt (1) d’alt 172 d’Acht 2010 agus, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an comhchónaitheoirí 2 dhuine nó nach ea, beidh aird ar na himthosca nach mór do chúirt a chur i gcuntas faoi fho-alt (2) den alt sin.
- (3) Sa Chuid seo, folaíonn tagairt do theidlíocht tagairt do theidlíocht san am a caitheadh, san am i láthair, san am atá le teacht nó do theidlíocht iarbhír nó theagmhasach.

Feidhm (Cuid 5)

24. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, tá feidhm ag an gCuid seo maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) sonraí pearsanta (seachas earnálacha speisialta sonraí pearsanta), agus
- (b) faisnéis seachas sonraí pearsanta.

(2) Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le hearnálacha speisialta sonraí pearsanta i gcás gur chun na gcríoch seo a leanas a dhéantar an fhaisnéis lena mbaineann a phróiseáil—

- (a) scéim pinsean seirbhíse poiblí a riaradh, nó
- (b) luacháil achtúireach ar scéim pinsean seirbhíse poiblí.

An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a Riaradh

25. (1) Déanfaidh údarás iomchuí nó gníomhaire de chuid an údaráis sin, i gcás go mbeidh an fhaisnéis lena mbaineann á sealbhú ag an ngníomhaire sin, ar iarraidh a fháil ó Aire den Rialtas, faisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a sholáthar—

- (a) don Aire, chun na gcríoch seo a leanas—

- (i) feidhm de chuid an Aire faoi Acht 2012 a chomhlíonadh,
- (ii) feidhm a tugadh don Aire nó a aistríodh chuig an Aire faoi alt 8(3), 9(1)(a), 10 nó 17 d’Acht 2011 a chomhlíonadh, nó
- (iii) an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a riaradh,
nó
- (b) don Aire den Rialtas a bheidh ag déanamh na hiarrata (i gcás nach é nó nach í an tAire sin den Rialtas an tAire) nó d’údarás iomchuí eile, chun na geríoch seo a leanas—
 - (i) feidhm de chuid an Aire sin nó an údaráis iomchuí sin faoi Acht 2012 a chomhlíonadh, nó
 - (ii) an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a riaradh.
- (2) Is í an fhaisnéis a bheidh le soláthar faoi *fho-alt (1)* an fhaisnéis seo a leanas i leith na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair:
 - (a) faisnéis maidir le comhaltas de scéim pinsean i leith na ndaoine seo a leanas—
 - (i) comhalta de scéim,
 - (ii) iarchomhalta de scéim,
 - (iii) pinsinéir,
 - (iv) duine ba phinsinéir, ach nach pinsinéir a thuilleadh,
 - (v) tairbhí de chuid scéim pinsean, nó
 - (vi) duine a bhfuil a incháilitheacht nó a hincháilitheacht faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí á cinneadh;
 - (b) cibé faisnéis bhreise a fhorordófar.
- (3) Beidh aird ag an Aire, le linn faisnéis bhreise a fhorordú faoi *fho-alt (2)(b)*, i dtaobh an amhlaidh, dá ndéanfaí an fhaisnéis sin a sholáthar don Aire, d’Aire eile den Rialtas nó d’údarás iomchuí eile—
 - (a) go laghdódh sé dúbailt na dtascanna ar údaráis iomchuí nó ar a ngníomhairí,
 - (b) go méadódh sé éifeachtúlacht údaráis iomchuí i dtaca le feidhm de chuid an údaráis iomchuí sin a chomhall,
 - (c) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na seirbhísí arna soláthar ag údarás iomchuí do chomhalta de scéim, d’iarchomhalta de scéim, do phinsinéir, do thairbhí de chuid scéim pinsean nó do dhuine a bhfuil a incháilitheacht nó a hincháilitheacht faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí á cinneadh,
 - (d) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na faisnéise arna cruthú, arna sealbhú agus arna cothabháil ag údaráis iomchuí,
 - (e) go neartódh sé cuntasacht údarás iomchuí i ndáil le hoibriú na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, nó

- (f) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na hanailíse agus na cinnteoireachta i ndáil leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana a riaradh

26. (1) Déanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí nó gníomhaire de chuid an chomhlachta sin, i gcás go mbeidh an fhaisnéis lena mbaineann á sealbhú ag an ngníomhaire sin, ar iarraidh a fháil ó Aire den Rialtas, faisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a sholáthar—
- (a) don Aire, chun na gcríoch seo a leanas—
- (i) feidhm de chuid an Aire faoi Acht 2012 a chomhlíonadh,
 - (ii) feidhm a tugadh don Aire nó a aistríodh chuig an Aire faoi alt 8(3), 9(1)(a), 10 nó 17 d’Acht 2011 a chomhlíonadh,
 - (iii) feidhm de chuid an Aire faoi achtachán a bhaineann le scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana a chomhlíonadh, nó
 - (iv) scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana a riaradh, nó
- (b) don Aire den Rialtas a bheidh ag déanamh na hiarrata (i gcás nach é nó nach í an tAire sin den Rialtas an tAire) nó do chomhlacht seirbhíse poiblí eile, chun na gcríoch seo a leanas—
- (i) feidhm de chuid an Aire sin nó an chomhlachta seirbhíse poiblí sin faoi achtachán a bhaineann le scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana a chomhlíonadh, nó
 - (ii) scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana a riaradh.
- (2) Is í an fhaisnéis a bheidh le soláthar faoi *fho-alt (1)* an fhaisnéis seo a leanas i leith scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana:
- (a) faisnéis maidir le comhaltas de scéim pinsean i leith na ndaoine seo a leanas—
- (i) comhalta de scéim,
 - (ii) iarchomhalta de scéim,
 - (iii) pinsinéir,
 - (iv) duine ba phinsinéir, ach nach pinsinéir a thuilleadh,
 - (v) tairbhí de chuid scéim pinsean, nó
 - (vi) duine a bhfuil a incháilitheacht nó a hincháilitheacht faoi scéim pinsean seirbhíse poiblí á cinneadh;
- (b) faisnéis a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
- (i) achomharc pinsean reachtúil ar bhreith arna tabhairt i ndáil le teidlíocht faoin scéim,
 - (ii) coigeartú ar líon na mblianta seirbhíse atá ag duine chun teidlíocht faoin scéim a ríomh,

- (iii) oibriú an líonra aistrithe, nó
 - (iv) riaradh a dhéanamh ar ordú coigeartaithe pinsin, cibé acu a rinneadh é, nó a bhfuil iarratas déanta ina leith, nó a bhfuil sé beartaithe iarratas a dhéanamh ina leith, a bhaineann le teidlíocht faoin scéim;
- (c) cibé faisnéis bhreise a fhorordófar.
- (3) Beidh aird ag an Aire, le linn faisnéis bhreise a fhorordú faoi *fho-alt (2)(c)*, i dtaobh an amhlaidh, dá ndéanfaí an fhaisnéis sin a sholáthar don Aire, d'Aire eile den Rialtas nó do chomhlacht seirbhíse poiblí—
- (a) go laghdódh sé dúbailt na dtascanna ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí nó ar a ngníomhairí,
 - (b) go méadódh sé éifeachtúlacht comhlachtaí seirbhíse poiblí i dtaca lena bhfeidhmeanna a chomhall,
 - (c) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na seirbhísí arna soláthar ag comhlacht seirbhíse poiblí do chomhalta de scéim, d'iarchomhalta de scéim, do phinsinéir nó do thairbhí de chuid scéim pinsean,
 - (d) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na faisnéise arna cruthú, arna sealbhú agus arna cothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí,
 - (e) go neartódh sé cuntasacht comhlachtaí seirbhíse poiblí i ndáil le hoibriú scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana, nó
 - (f) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na hanailíse agus na cinnteoireachta i ndáil le scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana.

Anailís ar bheartas seirbhíse poiblí

27. (1) Déanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí nó gníomhaire de chuid an chomhlachta sin, i gcás go mbeidh an fhaisnéis lena mbaineann á sealbhú ag an ngníomhaire sin, ar iarraidh a fháil ón Aire, faisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a sholáthar don Aire chun na gcríoch seo a leanas—
- (a) feidhm a tugadh don Aire nó a aistríodh chuig an Aire faoi alt 8(3), 9(1)(a), 10 nó 17 d'Acht 2011 a chomhlíonadh,
 - (b) ríomhaireachtaí achtúireacha a dhéanamh i leith scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí nó caiteachas poiblí,
 - (c) an coigeartú a ríomh a bheidh le déanamh ar chaiteachas comhlachta seirbhíse poiblí de dhroim beartas nó beartas beartaithe de chuid an Rialtais a chur i ngníomh,
 - (d) measúnú a dhéanamh ar riachtanais foirne comhlachta seirbhíse poiblí, idir riachtanais reatha agus riachtanais sa todhchaí,
 - (e) beartas nó beartas beartaithe de chuid an Rialtais a fhorbairt agus anailís a dhéanamh ar iarmhairtí an bheartais nó an bheartais beartaithe sin chun na gcríoch seo a leanas—
 - (i) deireadh a chur le hidirdhealú,
 - (ii) comhionannas deiseanna agus córa a chur chun cinn, nó

- (iii) cearta an duine a chosaint,
i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí, nó
- (f) anailís a dhéanamh ar struchtúr, feidhmeanna, acmhainní, agus ar mhodhanna seachadta seirbhíse comhlachta seirbhíse poiblí.
- (2) Is í seo a leanas an fhaisnéis a bheidh le soláthar faoi *fho-alt (1)*:
- (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in *alt 25(2)(a)* agus *alt 26(2)(a)* agus *(b)*;
- (b) faisnéis dhéimeagrafach a bhaineann le seirbhíseach poiblí, lena n-áirítear aois, inscne agus aon mhíchumas a nochtadh;
- (c) faisnéis a bhaineann le fostaíocht seirbhísigh poiblí, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le híocaíocht agus faisnéis a bhaineann le fostóir, Conradh fostaíochta, fad seirbhíse agus grád an tseirbhísigh poiblí;
- (d) cibé faisnéis bhreise a fhorordófar.
- (3) Beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas le linn faisnéis bhreise a fhorordú faoi *fho-alt (2)(d)*:
- (a) an gá atá ann cuntasacht comhlachtaí seirbhíse poiblí a neartú;
- (b) an gá atá ann cáilíocht na cinnteoireachta ag comhlachtaí poiblí a fheabhsú;
- (c) an gá atá ann cur chuige bunaithe ar fhianaise maidir le forbairt beartais a chur chun cinn;
- (d) an gá atá ann éifeachtúlacht comhlachtaí seirbhíse poiblí a mhéadú i dtaca lena bhfeidhmeanna a chomhall;
- (e) an gá atá ann a chinntiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil chun pleanáil éifeachtach riachtanas foirne a éascú ar fud na seirbhíse poiblí;
- (f) an gá atá ann anailís ar threochtaí, tástáil cásanna éagsúla agus réamhaisnéisiú a éascú i ndáil leis na nithe seo a leanas—
- (i) an líon seirbhíseach poiblí, agus
- (ii) caiteachas ar phá agus ar phinsin ag comhlachtaí seirbhíse poiblí;
- (g) an gá atá ann a chinntiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil chun beartais a fhorbairt agus a chur i ngníomh, agus chun faireachán a dhéanamh orthu, chun na gcríoch seo a leanas—
- (i) deireadh a chur le hidirdhealú,
- (ii) comhionannas deiseanna agus córa a chur chun cinn, nó
- (iii) cearta an duine a chosaint,
i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí.
- (4) I *mír (e) d'fho-alt (1)* agus i *mír (g) d'fho-alt (3)*—
forléireofar “idirdhealú” de réir alt 6 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998;

tá le “cearta an duine” an bhrí chéanna atá leis i gCuid 3 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Iarrataí ar fhaisnéis

28. Féadfar a shonrú in iarraidh faoi *alt 25, 26, nó 27*—
- (a) na haicmí faisnéise atá ag teastáil,
 - (b) an tréimhse ama lena mbaineann an fhaisnéis a iarrtar,
 - (c) an fhormaid ina soláthrófar an fhaisnéis a iarrtar, agus
 - (d) an dáta faoina soláthrófar an fhaisnéis a iarrtar.

Measúnacht tionchair cosanta sonraí

29. Déanfaidh an tAire, sula bhforordóidh sé nó sí aon fhaisnéis bhreise a bheidh le soláthar faoi *alt 25, 26 nó 27*, measúnacht ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag próiseáil na faisnéise sin ar chosaint sonraí pearsanta.

Anaithnidiú

30. I gcás go soláthrófar sonraí pearsanta don Aire faoi *alt 27*, déanfar iad a anaithnidiú nó, i gcás gurbh amhlaidh, dá ndéanfaí an fhaisnéis lena mbaineann a anaithnidiú, go gcuirfí cosc leis an gcríoch ar chuici a sholáthraítear an fhaisnéis a bhaint amach, cuirfear faoi ainm bréige iad, a luaithe is indéanta tar éis don Aire an fhaisnéis a fháil.

Córais faisnéise scéime pinsean

31. (1) Féadfaidh an tAire bunachar sonraí a bhunú arb é a bheidh ann an fhaisnéis go léir a sholáthrófar don Aire faoi *alt 25*.
- (2) Féadfaidh an tAire córas faisnéise a bhunú chun aon cheann nó gach ceann de na críocha seo a leanas:
- (a) a chumasú do chomhlacht seirbhíse poiblí rochtain a fháil ar fhaisnéis a choimeádtar ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*;
 - (b) ríomh teidlíochta duine nó dliteanais duine faoi Acht 2012 a éascú;
 - (c) teidlíochtaí agus dliteanais faoi Acht 2012 a riaradh.
- (3) I gcás go mbunófar córas faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, déanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí ceangal idir an córas faisnéise sin agus córas faisnéise atá faoi rialú an chomhlachta seirbhíse poiblí a bhunú agus a chothabháil, d’fhonn na nithe seo a leanas a éascú—
- (a) faisnéis arna iarraidh faoi *alt 25* a aistriú ón gcomhlacht seirbhíse poiblí sin chuig an Aire, agus
 - (b) an comhlacht seirbhíse poiblí sin do dhéanamh fiosrúchán i dtaobh an bhunachair sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus i dtaobh an bhunachair sonraí, más ann, is cuid de chóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, agus torthaí na bhfiosrúchán sin a sholáthar don chomhlacht seirbhíse poiblí sin.

- (4) Féadfaidh an tAire faisnéis a nochtadh do chomhlacht seirbhíse poiblí trí chóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, nó ar mhodh daingean eile, chun na geríoch a thuairiscítear san fho-alt sin.
- (5) Beidh an tAire ina rialaitheoir i leith sonraí pearsanta arna stóráil—
- (a) ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, agus
 - (b) ar an mbunachar sonraí, más ann, is cuid de chóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*,
- chun críocha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Trédhearcacht

32. Foilseoidh an tAire, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici, na nithe seo a leanas maidir le faisnéis a nochtfar faoin gCuid seo:
- (a) tuairisc ar an bhfaisnéis arna soláthar;
 - (b) ainm an chomhlachta seirbhíse poiblí a bhfuil an fhaisnéis á soláthar aige;
 - (c) an fhoráil den Chuid seo faoina soláthraítear an fhaisnéis;
 - (d) tuairisc ar an bpróiseáil a bhfuil an fhaisnéis faoina réir;
 - (e) tuairisc ar na srianta, más ann, a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis a nochtadh tuilleadh;
 - (f) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil leis an bhfaisnéis a phróiseáil, achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;
 - (g) tuairisc ar na bearta slándála a chuirfear chun feidhme maidir leis an bhfaisnéis a phróiseáil;
 - (h) tuairisc ar na beartais maidir leis an bhfaisnéis a choimeád agus a léirscriosadh;
 - (i) cibé acu a dhéanfar an fhaisnéis a anaithnidiú nó a chur faoi ainm bréige tar éis a nochtfa faoin gCuid seo;
 - (j) cibé mionsonraí eile a mheasfaidh an tAire is gá chun trédhearcacht a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis a phróiseáil.

CUID 6

FAISNÉIS GHNÓ

Mínithe (Cuid 6)

33. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “faisnéis ghnó” an fhaisnéis seo a leanas i leith gnóthais:

- (a) an uimhir céannachtóra gnó uathúil;

- (b) an t-ainm cláraithe, más ann;
- (c) ainm an ghnó nó an t-ainm oibriúcháin, más ann;
- (d) an seoladh (lena n-áirítear an postchód (más ann) de réir bhrí alt 66 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011) ag a seolann an gnóthas gnó nó ag a bhfuil gnáthchónaí air;
- (e) an uimhir, más ann, arna leithroinnt nó arna heisiúint ag comhlacht poiblí faoi achtachán nó faoi dhlí de chuid an Aontais Eorpaigh;
- (f) an uimhir, más ann, arna sannadh i gclár arna shealbhú nó arna chothabháil ag comhlacht poiblí faoi achtachán nó faoi dhlí de chuid an Aontais Eorpaigh;
- (g) foirm dhlíthiúil an ghnóthais;
- (h) líon na bhfostaithe, más ann;
- (i) an láimhdeachas bliantúil;
- (j) na glansócmhainní;
- (k) i leith na príomhghníomhaíochta arna seoladh ag an ngnóthas, cód aicmiúcháin NACE, más ann, arna chinneadh de réir Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006³, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008⁴ agus le Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012⁵;
- (l) i gcás duine nádúrtha, comhpháirtíocht daoine nádúrtha nó comhlacht neamhchorpraithe daoine nádúrtha, náisiúntacht an duine nó na ndaoine, de réir mar a bheidh;
- (m) i gcás duine dlítheanach, an stát ar faoina dhlí a bunaíodh an duine dlítheanach;
- (n) cibé faisnéis eile a fhorordóidh an tAire, ag féachaint do na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*;

ciallaíonn “glansócmhainní”, i ndáil le gnóthas, sócmhainní iomlána an ghnóthais lúide dlítheanais iomlána an ghnóthais, mar a thaispeántar i ráitis airgeadais an ghnóthais iad;

ciallaíonn “láimhdeachas”, i ndáil le gnóthas, na méideanna ioncaim arna ndíorthú ó sholáthar earraí agus seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an ghnóthais, tar éis na méideanna seo a leanas a asbhaint—

- (a) lascaí trádála,
 - (b) cáin bhreisluacha, agus
 - (c) aon chánacha eile atá bunaithe ar na méideanna arna ndíorthú amhlaidh,
- agus, i gcás gnóthas a n-áirítear ar a ghnáthghníomhaíochtaí infheistíochtaí a dhéanamh nó a shealbhú, folaíonn sé an t-ollioncam arna dhíorthú ó na gníomhaíochtaí sin;

3 IO Uimh. L 393, 30.12.2006, lch. 1.

4 IO Uimh. L 97, 9.4.2008, lch. 13.

5 IO Uimh. L 32, 3.2.2012, lch. 1.

ciallaíonn “gnóthas”—

- (a) duine nádúrtha nó comhpháirtíocht daoine nádúrtha atá ag gabháil, le haghaidh luaíochta, d’earraí a tháirgeadh, a sholáthar nó a dháileadh, nó do sheirbhís a sholáthar,
 - (b) comhlacht corpraithe, nó
 - (c) comhlacht neamhchorpraithe daoine nádúrtha.
- (2) Chun críocha an mhíneithe ar “faisnéis ghnó” i *bhfo-alt (1)*, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a áit ghnó.
- (3) Is iad na nithe a mbeidh aird ag an Aire orthu chun críocha *mhír (n)* den mhíniú ar “faisnéis ghnó” i *bhfo-alt (1)*, an amhlaidh, dá ndéanfaí an fhaisnéis lena mbaineann a nochtadh faoi *alt 36*—
- (a) go n-éascódh sé feidhm de chuid comhlacht poiblí a chomhall—
 - (i) trí laghdú a dhéanamh ar dhúbailt na dtascanna arna gcomhall ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó,
 - (ii) trí éifeachtúlacht comhlachta phoiblí a mhéadú i dtaca leis an bhfeidhm sin a chomhall, nó
 - (iii) trí fheabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí arna soláthar nó a bheidh le soláthar ag an gcomhlacht poiblí,
 - (b) go gcuideodh sé le comhlacht poiblí chun céannacht duine a bhfuil seirbhís á fáil aige nó aici a fhíorú,
 - (c) go gcuideodh sé le faisnéis earráideach atá á sealbhú ag comhlacht poiblí a shainaitheint agus a cheartú,
 - (d) go laghdódh sé an gá atá ann go soláthróidh duine an fhaisnéis chéanna do níos mó ná comhlacht poiblí amháin,
 - (e) go gcuideodh sé le comhlacht poiblí chun a shuíomh an bhfuil duine i dteideal seirbhíse,
 - (f) go n-éascódh sé riaradh, maoirsiú agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí,
 - (g) go n-éascódh sé feabhsú nó spriocdhírú seirbhíse, cláir nó beartais atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí, nó
 - (h) go n-éascódh sé meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhís, clár nó beartas atá seachadta nó curtha i ngníomh, nó atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí.

Feidhm (Cuid 6)

34. (1) Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le comhlacht poiblí do nochtadh faisnéis ghnó do chomhlacht poiblí eile i gcás nach bhfuil achtachán ar bith eile ná dlí de chuid an Aontais Eorpaigh i ngníomh faoina ndéantar foráil shonrach lena gceadaítear nó lena gceanglaítear comhroinnt sonraí den sórt sin.
- (2) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní dhéanfaidh an Chuid seo difear d'oibriú aon srian ná toirmeasc atá in achtachán eile nó i ndlí de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le faisnéis ghnó a nochtadh.
- (3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis ghnó ar faisnéis i dtaobh cáiniocóirí (de réir bhrí alt 851A d'Acht 1997) í a nochtadh de réir na Coda seo.

Uimhir céannachtóra gnó uathúil a leithroinnt

35. (1) Féadfaidh an tAire, chun gnóthas a chéannú go huathúil, uimhir (ar a dtabharfar “uimhir céannachtóra gnó uathúil”) a leithroinnt agus a eisiúint chuig an ngnóthas sin.
- (2) Féadfaidh an tAire, le toiliú cibé Aire eile den Rialtas, más ann, a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht poiblí dílsithe dó nó di, le hordú, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a tharmligean chuig comhlacht poiblí.

Faisnéis ghnó a nochtadh

36. Féadfaidh comhlacht poiblí faisnéis ghnó a nochtadh do chomhlacht poiblí eile, i gcás go nochtfar an fhaisnéis—
- (a) chun feidhm de chuid an chomhlachta phoiblí chéadluaite nó an dara comhlacht poiblí a luaitear a chomhlíonadh, agus
- (b) chun críche amháin nó níos mó de na críocha a shonraítear in *alt 13(2)(a)(ii)*.

CUID 7

BUNCHLÁRLANNA

Bunchlárann a shainainmniú

37. (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú cibé Aire eile den Rialtas, más ann, a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht poiblí dílsithe dó nó di, le hordú, bunachar sonraí, a bhfuil an cóipcheart ann ar úinéireacht ag comhlacht poiblí, a shainainmniú mar bhunchlárann.
- (2) Sonrófar le hordú faoi *fho-alt (1)*—
- (a) ainm na bunchlárainne,
- (b) an comhlacht poiblí arb é úinéir na bunchlárainne i leith na bunchlárainne é,
- (c) an chríoch ar chuici a fhéadfaidh comhlacht poiblí a mbeidh rochtain á fáil aige ar an mbunchlárann an fhaisnéis sa bhunchlárann a phróiseáil,
- (d) an fhaisnéis a bheidh sa bhunchlárann, agus
- (e) ainm gach réimse agus an tuairisc atá bainteach le gach réimse sa bhunachar sonraí.

- (3) Ní ceadmhach don Aire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* mura deimhin leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh chun na gcríoch seo a leanas—
- (a) comhsheasmhacht agus cruinneas a chinntiú i dtaobh faisnéis a úsáideann comhlachtaí poiblí go minic i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna,
 - (b) an t-ualach a sheachaint a d'fhorchuirfí thairis sin ar dhuine a bhfuil seirbhís á seachadadh nó le seachadadh air nó uirthi ag comhlacht poiblí, dá ndéanfaí an fhaisnéis lena mbaineann a bhailiú go díreach ón duine sin, agus
 - (c) dúbailt bunachar sonraí arna gcothabháil ag comhlachtaí poiblí a sheachaint.
- (4) Beidh aird ag an Aire, le linn ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, i dtaobh an amhlaidh, dá ndéanfaí an bunachar sonraí lena mbaineann a shainmniú mar bhunchlárlann—
- (a) go laghdódh sé dúbailt na dtascanna arna gcomhall ag comhlachtaí poiblí,
 - (b) go méadódh sé éifeachtúlacht comhlachtaí poiblí i dtaca lena bhfeidhmeanna a chomhall,
 - (c) go bhfeabhsódh sé cáilíocht na seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí poiblí,
 - (d) go gcuideodh sé le comhlacht poiblí chun céannacht duine a fhaigheann seirbhís atá á seachadadh nó a bheidh le seachadadh ag comhlacht poiblí a fhíorú,
 - (e) go laghdódh sé an gá atá ann go soláthróidh duine an fhaisnéis chéanna do chomhlachtaí poiblí éagsúla,
 - (f) go gcuideodh sé le comhlacht poiblí chun a shuíomh an bhfuil duine i dteideal seirbhís atá á seachadadh nó a bheidh le seachadadh ag comhlacht poiblí,
 - (g) go n-éascódh sé riaradh, maoirsiú agus rialú seirbhíse, cláir nó beartais atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí,
 - (h) go n-éascódh sé feabhsú nó spriocdhíriú seirbhíse, cláir nó beartais atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí,
 - (i) go n-éascódh sé meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhís, clár nó beartas atá seachadta nó curtha i ngníomh, nó atá á seachadadh nó á sheachadadh, nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh, de réir mar a bheidh, ag comhlacht poiblí,
 - (j) go gcuideodh sé lena chinntiú go mbeidh faisnéis atá á sealbhú ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó cothrom le dáta, nó
 - (k) go gcuideodh sé le feabhas a chur ar chruinneas na faisnéise atá á sealbhú ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó.

Úinéir bunchlárlainne

38. (1) Maidir le húnéir bunchlárlainne—

- (a) déanfaidh sé gach beart réasúnach chun a chinntiú, maidir leis an bhfaisnéis atá sa bhunchlárlann—
 - (i) go mbeidh sí cruinn,

- (ii) go mbeidh sí cothrom le dáta, agus
 - (iii) gur taifead iomlán í ar an bhfaisnéis a bheidh sonraithe san ordú arna dhéanamh faoi *alt 37(1)* a bhaineann leis an mbunchlárann,
 - (b) cinnteoidh sé, maidir leis an bhfaisnéis atá sa bhunchlárann, go mbeidh comhlacht poiblí a dteastóidh uaidh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin, chun feidhm de chuid an chomhlachta phoiblí a chomhlíonadh, in ann rochtain a fháil uirthi,
 - (c) cuirfidh sé bearta cuí riaracháin agus teicniúla ar bun chun rialú agus faireachán a dhéanamh ar rochtain ar an mbunchlárann,
 - (d) foilseoidh sé tuairisc ar na bearta dá dtagraítear i *mir (c)* ar an suíomh gréasáin arna chothabháil aige, agus
 - (e) i gcás go n-áireofar sonraí pearsanta ar an bhfaisnéis atá sa bhunchlárann, is é a bheidh ann an cheann-ghníomhaireacht i leith an chomhaontaithe um chomhroinnt sonraí a bhaineann leis an bhfaisnéis a nochtadh do chomhlachtaí poiblí a mbeidh rochtain á fáil acu ar an bhfaisnéis sa bhunchlárann.
- (2) San alt seo agus in *ailt 39* go *42*, aon tagairt do bhunchlárann, is tagairt í don bhunchlárann arb ina leith a bheidh úinéir na bunchlárainne lena mbaineann sonraithe amhlaidh in ordú arna dhéanamh faoi *alt 37(1)*.

Faisnéis a phróiseáil

39. Beidh an chumhacht ag úinéir bunchlárainne próiseáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bheidh sonraithe in ordú arna dhéanamh faoi *alt 37(1)* a bhaineann le bunchlárann, i gcás go ndéanfar an fhaisnéis sin a phróiseáil chun oibleagáidí úinéir na bunchlárainne faoi *alt 38* a chomhlíonadh, d'ainneoin nach bhfuil an chumhacht sin ag úinéir na bunchlárainne faoi achtachán eile ná faoi dhlí eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

Téarmaí seirbhíse

40. (1) Ullmhóidh úinéir bunchlárainne, le toiliú an Aire, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an mBord, an fhoirm ina mbeidh comhaontú (dá ngairtear “téarmaí seirbhíse” san alt seo) lena sonrú na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir a bheidh rochtain ar bhunchlárann le soláthar do chomhlacht poiblí.
- (2) Foilseoidh an tAire, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici, téarmaí seirbhíse arna n-ullmhú de réir *fho-alt (1)*.
- (3) Comhlíonfaidh úinéir bunchlárainne agus comhlacht poiblí a mbeidh rochtain á fáil aige ar bhunchlárann na téarmaí seirbhíse a bhaineann leis an mbunchlárann sin.

Rochtain ar fhaisnéis

41. Féadfaidh úinéir bunchlárainne, chun a oibleagáid faoi *alt 38(1)(a)* a chomhall—
- (a) an fhaisnéis atá i mbunchlárann a leasú, agus
 - (b) rochtain a fháil ar fhaisnéis, arna sealbhú ag comhlacht poiblí eile, a bheidh sonraithe san ordú arna dhéanamh faoi *alt 37(1)* a bhaineann leis an mbunchlárann.

Oibleagáid chun bunchlárann a úsáid

42. (1) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis atá i mbunchlárann riachtanais cháilíochtúla comhlachta poiblí i leith na críche ar chuici a bhfuil ar intinn aige an fhaisnéis sin a úsáid, ní bhaileoidh an comhlacht poiblí an fhaisnéis sin chun na críche sin ó fhoinsé seachas an bhunchlárann, ach amháin i gcás go ndéanfar an fhaisnéis arna bailiú amhlaidh a bhailiú chun a chumasú don chomhlacht poiblí sin rochtain a fháil ar fhaisnéis sa bhunchlárann a bhaineann leis an bhfaisnéis arna bailiú amhlaidh.
- (2) Féadfaidh úinéir bunchlárainne comhlacht poiblí a cheapadh chun críocha *fho-alt (3)*.
- (3) I gcás go gceapfaidh úinéir bunchlárainne comhlacht poiblí chun críocha an fho-ailt seo, féadfaidh an comhlacht poiblí sin faisnéis a bhailiú arb ina leith a bheidh an bhunchlárann lena mbaineann sainainmnithe d'fhonn an fhaisnéis sin a sholáthar d'úinéir na bunchlárainne chun cuidiú le húinéir na bunchlárainne a oibleagáidí faoi *alt 38(1)(a)* a chomhlíonadh.
- (4) Déanfaidh comhlacht poiblí ar a gceanglófar rochtain a fháil ar fhaisnéis a bheidh stóráilte i mbunchlárann de réir *fho-alt (1)*, nó a sholáthróidh faisnéis d'úinéir bunchlárainne de réir *fho-alt (3)*, na bearta riaracháin agus teicniúla a chur ar bun a mbeidh gá leo chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin nó chun í a sholáthar, de réir mar a bheidh.

CUID 8

TAIRSEACH ROCHTANA SONRAÍ PEARSANTA

Feidhm (Cuid 8)

43. Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le sonraí pearsanta (lena n-áirítear eárnálacha speisialta sonraí pearsanta).

Tairseach rochtana sonraí pearsanta a bhunú

44. (1) Féadfaidh an tAire, le ceadú an Rialtais, córas faisnéise a bhunú chun a chumasú d'ábhar sonraí—
- (a) a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus
- (b) breathnú ar fhaisnéis a bhaineann leis na sárúithe i ndáil le sonraí pearsanta, más ann—
- (i) a dhéanann difear dá shonraí pearsanta nó dá sonraí pearsanta, agus
- (ii) arb ina leith atá fógra tugtha chun críocha Airteagal 34(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- (2) Beidh mar chuid den chóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* suíomh gréasáin (ar a dtabharfar an “Tairseach Rochtana Sonraí Pearsanta”) agus féadfaidh saoráidí a bheith ar áireamh ann trína bhféadfaidh ábhar sonraí—
- (a) breathnú ar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi agus atá á sealbhú ag comhlacht poiblí, i dteannta na faisnéise a bhaineann leis na sonraí pearsanta sin dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,

- (b) breathnú ar fhaisnéis a bhaineann leis na sárúithe i ndáil le sonraí pearsanta, más ann—
- (i) a dhéanann difear dá shonraí pearsanta nó dá sonraí pearsanta, agus
 - (ii) arb ina leith atá fógra tugtha chun críocha Airteagal 34(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,
- (c) breathnú ar chóip de chomhaontú um chomhroinnt sonraí faoina nochtadh a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta idir comhlachtaí poiblí, agus
- (d) iarraidh a chur chuig comhlacht poiblí i ndáil leis nó léi d'fheidhmiú na gceart dá bhforáiltear in Airteagail 15, 16, 17, 18, 19, 20 agus 21 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- (3) I gcás go mbeidh ar áireamh i gcóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* saoráid dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* i leith comhlacht poiblí, tabharfaidh an comhlacht poiblí sin gach iarracht réasúnach ar bhearta teicniúla agus riaracháin a chur ar bun agus a chothabháil chun na gcríoch seo a leanas—
- (a) a chumasú an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*, *(b)* agus *(c)* atá á sealbhú ag an gcomhlacht poiblí sin a sholáthar don chóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* chun gur féidir leis an ábhar sonraí lena mbaineann sí breathnú uirthi, agus
 - (b) na nithe seo a leanas a éascú—
 - (i) iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(d)* a chur, agus
 - (ii) freagra ar iarraidh den sórt sin a chur.
- (4) Féadfaidh comhlacht poiblí faisnéis a nochtadh don Aire tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* chun na gcríoch seo a leanas—
- (a) an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*, *(b)* nó *(c)* a sholáthar, nó
 - (b) iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(d)* a éascú nó freagra a thabhairt uirthi.
- (5) Ní nochtfar faisnéis de réir *fho-alt (4)* mura rud é, maidir leis an ábhar sonraí lena mbaineann—
- (a) gur iarr sé nó sí breathnú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)*, *(b)* nó *(c)*, nó
 - (b) go ndearna sé nó sí iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(d)*,
- tríd an gcóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.
- (6) Maidir leis an bhfaisnéis a nochtfar de réir *fho-alt (4)*, ní stórálfar í ar an gcóras faisnéise dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ach a fhad is gá chun go n-éascófar cur i gcrích na ngníomhartha dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*.
- (7) Is é an comhlacht poiblí a nochtfaidh sonraí pearsanta don Aire de réir *fho-alt (4)* an rialaitheoir i leith na sonraí pearsanta sin chun críocha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- (8) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gceanglaítear faisnéis i ndáil le duine a nochtadh don duine sin más rud é, maidir leis an bhfaisnéis sin a nochtadh don duine sin—
- (a) go bhfuil toirmeasc air faoi achtachán nó faoi dhlí de chuid an Aontais Eorpaigh, nó
- (b) go bhféadfar é a shrianadh de réir achtacháin nó de réir dlí de chuid an Aontais Eorpaigh.
- (9) San alt seo, tá le “sárú i ndáil le sonraí pearsanta” an bhrí chéanna atá leis sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

CUID 9

RIALACHAS SONRAÍ

CAIBIDIL 1

*An Bord um Rialachas Sonraí***An Bord a cheapadh**

45. (1) Déanfaidh an tAire, de réir *alt 47*, bord a cheapadh ar a dtabharfar an Bord um Rialachas Sonraí (dá ngairtear an “Bord” san Acht seo).
- (2) Faoi réir an Achta seo, beidh an Bord neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna dó.

Feidhmeanna an Bhoird

46. (1) Déanfaidh an Bord—
- (a) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin a fhorordú faoi *alt 64*,
- (b) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le treoirlínte a ullmhú faoi *alt 65*,
- (c) comhlachtaí poiblí do chomhlíonadh treoirlínte arna n-eisiúint faoi *alt 65* a chur chun cinn,
- (d) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí do chomhlíonadh rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin arna bhforordú faoi *alt 64* agus treoirlínte arna n-eisiúint faoi *alt 65*,
- (e) athbhreithniú ar chomhaontuithe um chomhroinnt sonraí de réir *Chaibidil 2*,
- (f) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le hordú a dhéanamh faoi *alt 37(1)*, agus
- (g) comhairle a thabhairt don Aire, ar iarraidh a fháil, i ndáil le feidhmeanna an Aire faoin Acht seo a chomhlíonadh.
- (2) Féadfaidh an Bord a fheidhmeanna a fheidhmiú d’ainneoin folúntas nó folúntais ina chomhaltas.
- (3) Féadfaidh an Bord a nós imeachta féin a rialáil.

- (4) Soláthróidh an tAire cibé seirbhísí riaracháin agus tacaíochta don Bhord is gá chun feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh.
- (5) Féadfaidh an tAire socrú a dhéanamh chun sainchomhairle, comhairle nó seirbhísí eile a sholáthar don Bhord.

Comhaltas den Bhord agus nithe gaolmhara

47. (1) Ní lú ná 6 agus ní mó ná 12 an líon comhaltaí a bheidh ar an mBord.
- (2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird.
 - (3) Cinnteoidh an tAire, le linn dó nó di comhaltaí an Bhoird a cheapadh, gur daoine iad na comhaltaí ag a bhfuil an t-eolas, an taithí agus an inniúlacht a bheidh riachtanach i ndáil le feidhmeanna an Bhoird, lena n-áirítear i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint.
 - (4) Le linn comhaltaí den Bhord a cheapadh, beidh aird ag an Aire—
 - (a) ar an gcuspóir gur mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí den Bhord agus gur fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh, agus
 - (b) ar na treoirínte, más ann, arna n-ullmhú ag an Aire i ndáil le ceapacháin chun bord de chuid comhlachtaí Stáit.
 - (5) Féadfaidh an tAire, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, más ann, a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht poiblí dílsithe dó nó di, duine a cheapadh is fostaí de chuid comhlacht poiblí, nó a shealbhaíonn oifig nó post eile i gcomhlacht poiblí, chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.
 - (6) Féadfaidh an tAire 2 dhuine ar a laghad a cheapadh nach fostaithe de chuid comhlacht poiblí, nó nach sealbhóirí ar oifig nó ar phost eile i gcomhlacht poiblí, chun bheith ina gcomhaltaí den Bhord.
 - (7) Cinnteoidh an tAire, más indéanta é, go ndéanfar líon nach lú ná aon trian de chomhaltaí an Bhoird a cheapadh de bhun *fho-alt (6)*.
 - (8) Féadfaidh an tAire ó am go ham aon chomhalta amháin den Bhord a cheapadh chun gníomhú mar Chathaoirleach air.
 - (9) Déanfaidh an tAire na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le ceapachán comhalta den Bhord a chinneadh ar é nó ar í a cheapadh.
 - (10) Faoi réir *fho-alt (11)*, beidh gach comhalta den Bhord i seilbh oifig ar feadh 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.
 - (11) Foirceannfar ceapachán duine faoi *fho-alt (5)* le héifeacht ón dáta is luaithe díobh seo a leanas—
 - (a) an dáta ar a scoirfidh an duine de bheith fostaithe ag an gcomhlacht poiblí lena mbaineann, nó de bheith i seilbh oifig nó post eile sa chomhlacht poiblí lena mbaineann, agus
 - (b) an dáta atá ann 3 bliana tar éis dháta a cheaptha nó a ceaptha.
 - (12) Beidh comhalta den Bhord a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire nó a bhfoirceannfar a cheapachán nó a ceapachán de réir *fho-alt (11)*

in-athcheaptha chun an Bhoird, ach ní faide ná 9 mbliana an tréimhse iomlán a mbeidh duine ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord ar a feadh.

- (13) Aon chomhalta den Bhord nach bhfuil fostaithe ag comhlacht poiblí, nó nach bhfuil i seilbh oifig nó post i gcomhlacht poiblí, féadfar cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachais dheimhnithe arna dtabhú ag an gcomhalta agus a chinnfidh an tAire a íoc leis nó léi, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Coistí

48. (1) Féadfaidh an Bord cibé coistí a bhunú a mheasfaidh sé is gá nó is inmhianaithe chun comhairle a chur air i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, agus féadfaidh sé cibé comhaltaí, a mheasfaidh sé is gá, a cheapadh chun coiste den sórt sin.
- (2) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Bhord a bheith ar choiste arna bhunú faoi *fho-alt (1)*, ach beidh aon chomhalta amháin ar a laghad den Bhord ar an gcoiste sin.
- (3) Cinnfidh an Bord téarmaí tagartha agus nósanna imeachta coiste arna bhunú faoi *fho-alt (1)*.
- (4) Aon chomhalta de choiste arna bhunú faoi *fho-alt (1)* nach comhalta den Bhord, féadfar cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachais dheimhnithe arna dtabhú ag an gcomhalta agus a chinnfidh an tAire a íoc leis nó léi, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.
- (5) Déanfaidh coiste arna bhunú faoi *fho-alt (1)* tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird go rialta.
- (6) Beidh ar áireamh i dtuarascáil a ullmhóidh an Bord agus a chuirfidh sé faoi bhráid an Aire faoi *alt 52* achoimre ar ghníomhaíochtaí na gcoistí, más ann—
- (a) arna mbunú faoi *fho-alt (1)*, agus
- (b) a bhí ar marthain i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil.
- (7) Féadfar coiste arna bhunú faoi *fho-alt (1)* a dhíscáoileadh le rún ón mBord aon tráth agus beidh sé arna dhíscáoileadh ar an dáta atá ann 2 bhliain tar éis dháta a bhunaithe, mura rithfidh an Bord rún á rá go leanfaidh an coiste ar marthain.

Dícháilíocht chun comhaltas den Bhord a shealbhú

49. Scoirfidh duine de bheith cáilithe chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, agus scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, más rud é—
- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa,
- (d) gur Breitheamh, Abhcóide Ginearálta nó Cláraitheoir de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é nó í,

- (e) gur comhalta de Choimisiún an Aontais Eorpaigh é nó í,
- (f) gur comhalta de Chúirt Iniúchóirí an Aontais Eorpaigh é nó í,
- (g) go gceapfar faoin mBunreacht ina Bhreitheamh nó ina Breitheamh nó ina Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó ina hArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste é nó í,
- (h) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,
- (i) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina Choimisinéir Cosanta Sonraí nó ina Coimisinéir Cosanta Sonraí nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí,
- (j) nach mbeidh deimhniú imréitigh cánach eisithe chuige nó chuici de réir alt 1095 d'Acht 1997 nó go mbeidh deimhniú imréitigh cánach eisithe chuige nó chuici faoin alt sin atá cealaithe faoi fho-alt (3A) den alt sin,
- (k) go mbeidh pianbhreith phríosúnachta ar feadh aon téarma is faide ná 6 mhí arna forchur ag cúirt dlínse inniúla sa Stát á fulaingt aige nó aici,
- (l) go ndéanfar é nó í a dhícháiliú chun bheith, nó a shrianadh ó bheith, ina stiúrthóir ar aon chuideachta, nó
- (m) go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í.

Éirí as comhaltas

50. (1) Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as trí fhógra i scríbhinn chuig an gCathaoirleach nó, i gcás gurb é nó gurb í an comhalta sin an Cathaoirleach, trí fhógra i scríbhinn chuig an Aire.
- (2) Glacfaidh éirí as faoi *fho-alt (1)* éifeacht—
- (a) ar an dáta a bheidh sonraithe san fhógra, nó
 - (b) i gcás nach mbeidh dáta ar bith sonraithe san fhógra, ar an dáta ar a bhfaighidh an Cathaoirleach nó an tAire, de réir mar a bheidh, an fógra.
- (3) Measfar go mbeidh duine tar éis éirí as mar chomhalta den Bhord más rud é go bhfuil an duine as láthair, de dheasca breoiteachta, ó bhreis is 50 faoin gcéad de chruinnithe an Bhoird arna dtionól i gcaitheamh tréimhse 12 mhí dar tosach an dáta ar a mbeidh cruinniú.
- (4) Glacfaidh éirí as faoi *fho-alt (3)* éifeacht an chéad lá eile tar éis dheireadh na tréimhse 12 mhí lena mbaineann.
- (5) Aon duine a scoirfidh de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord faoin alt seo, scoirfidh sé nó sí freisin, ar an scor sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'aon chomhlacht a ndearna an Bord é nó í a thoghadh, a ainmniú nó a cheapadh chuige.

Corrfholúntais

51. Más rud é, maidir le comhalta den Bhord,—
- (a) go bhfaighidh sé nó sí bás,
 - (b) go n-éireoidh sé nó sí as,

- (c) go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, nó
- (d) go gcuirfear é nó í as oifig de réir a théarmaí agus a choinníollacha ceapacháin nó a téarmaí agus a coinníollacha ceapacháin,

féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord chun an corrholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta den Bhord ba chúis leis an gcorrholúntas.

Tuairisciú

52. (1) Déanfaidh an Bord, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh i ngach bliain, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire—
- (a) maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo aige, agus
 - (b) maidir leis na nithe, más ann, ar thug na coistí, más ann, arna mbunú faoi *alt 48(1)*, comhairlí dó ina dtaobh,
- sa bhliain díreach roimhe sin, nó, i gcás na tréimhse ón dáta a chéadcheapfar an Bord go dtí an 30 Meitheamh díreach ina dhiaidh sin, sa tréimhse sin.
- (2) Déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis tuarascáil faoi *fho-alt (1)* a fháil—
- (a) a chur faoi deara cóipeanna di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus
 - (b) cóip di a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air.

CAIBIDIL 2

Athbheithniú ar Chomhaontuithe um Chomhroinnt Sonraí

Mínithe (Caibidil 2)

53. Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “ceann-ghníomhaireacht shainainmnithe”, i ndáil le comhaontú beartaithe, an comhlacht poiblí a shonraítear mar an cheann-ghníomhaireacht ann;

ciallaíonn “comhaontú beartaithe”—

- (a) dréacht-chomhaontú um chomhroinnt sonraí faoina mbeartaítear go nochtfar sonraí pearsanta tar éis an dréacht-chomhaontú a fhorghníomhú, nó
- (b) comhaontú láithreach um chomhroinnt sonraí, arna leasú le dréacht-chomhaontú leasaitheach, faoina mbeartaítear go nochtfar sonraí pearsanta nó go leanfar de sonraí pearsanta a nochtadh, tar éis an dréacht-chomhaontú a fhorghníomhú;

ciallaíonn “páirtí beartaithe”, i ndáil le comhaontú beartaithe, comhlacht poiblí a mbeartaítear é a bheith ina pháirtí ann.

Eisiamh (Caibidil 2)

54. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le leasú ar chomhaontú um chomhroinnt sonraí d'fhonn—

- (a) nuashonrú a dhéanamh ar an sceideal dá dtagraítear in *alt 19(1)(a)*, nó
- (b) athrú ar an gceann-ghníomhaireacht a léiriú de réir *alt 21(3)(c)*.

Comhchomhairliúchán poiblí

55. (1) Déanfaidh gach ceann de na páirtithe beartaithe i gcomhaontú beartaithe na nithe seo a leanas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air—

- (a) cóip den chomhaontú beartaithe,
- (b) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil leis an bpróiseáil a bheartaítear a ghabháil de lámh faoin gcomhaontú beartaithe, achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,
- (c) i gcás nach mbeidh aon mheasúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil leis an bpróiseáil a bheartaítear a ghabháil de lámh faoin gcomhaontú beartaithe, achoimre ar na cúiseanna nach ndearnadh measúnacht tionchair cosanta sonraí ar bith,
- (d) ráiteas ó oifigeach cosanta sonraí gach ceann de na páirtithe beartaithe á rá, maidir leis an oifigeach cosanta sonraí lena mbaineann—
 - (i) go ndearna sé nó sí athbhreithniú ar an gcomhaontú beartaithe, agus
 - (ii) gur deimhin leis nó léi nach ndéanfaí sárú ar an dlí cosanta sonraí de thoradh ar na páirtithe beartaithe do chomhlíonadh théarmaí an chomhaontaithe bheartaithe,
 - (iii) gur deimhin leis nó léi go bhfuil an comhaontú ar comhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,

agus

- (e) fógra—
 - (i) ina luafar go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí beartaithe an comhaontú beartaithe a dhéanamh,
 - (ii) ina luafar an áit, ar shuíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air, inar féidir rochtain a fháil ar na doiciméid dá dtagraítear i *míreanna (a) go (d)*,
 - (iii) ina n-iarrfar go ndéanfar, le linn na tréimhse a bheidh sonraithe ag an mBord chun na críche sin, aighneachtaí i ndáil leis an gcomhaontú beartaithe a chur faoi bhráid na ceann-ghníomhaireachta sainainmnithe, agus
 - (iv) ina luafar dáta foilsithe an fhógra.

- (2) Déanfaidh na páirtithe beartaithe i gcomhaontú beartaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhoilsiú ar an dáta céanna.
- (3) Tabharfaidh an cheann-ghníomhaireacht shainainmnithe lena mbaineann fógra don Bhord i dtaobh an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith foilsithe.
- (4) Déanfaidh na páirtithe beartaithe i gcomhaontú beartaithe na haighneachtaí, más ann, arna ndéanamh mar fhreagairt don iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(e)(iii)* a bhreithniú agus féadfaidh siad, i gcás gur cuí leis na páirtithe beartaithe sin é, an comhaontú beartaithe lena mbaineann a leasú chun aon aighneachtaí den sórt sin a chur i gcutas.

Doiciméadacht agus faisnéis a chur faoi bhráid an Bhoird

56. (1) Déanfaidh an cheann-ghníomhaireacht shainainmnithe lena mbaineann, laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an mBord chun na críche sin, na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Bhoird:
- (a) cóip den chomhaontú beartaithe (arna leasú de réir *alt 55(4)*, más infheidhme);
 - (b) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil leis an bpróiseáil a bheartaítear a ghabháil de lámh faoin gcomhaontú beartaithe, achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;
 - (c) na ráitis dá dtagraítear in *alt 55(1)(d)*;
 - (d) cibé faisnéis a shonróidh an Bord i ndáil leis na haighneachtaí, más ann, arna ndéanamh mar fhreagairt don iarraidh dá dtagraítear in *alt 55(1)(e)(iii)*.
- (2) Soláthróidh an cheann-ghníomhaireacht shainainmnithe lena mbaineann cibé faisnéis bhreise a iarrfaidh an Bord, i ndáil leis an gcomhaontú beartaithe, tar éis dó an doiciméadacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fháil, laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an mBord chun na críche sin.

Athbhreithniú ar chomhaontú um chomhroinnt sonraí

57. (1) Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar an doiciméadacht arna cur faoina bhráid faoi *alt 56(1)* agus ar an bhfaisnéis bhreise, más ann, arna soláthar faoi *alt 56(2)*.
- (2) Beidh aird ag an mBord ar na nithe seo a leanas nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh aige faoin alt seo:
- (a) a mhéid atá an comhaontú beartaithe lena mbaineann de réir an Achta seo;
 - (b) a mhéid atá an comhaontú beartaithe lena mbaineann ag teacht leis an gcomhaontú eiseamláireach, más ann, arna ullmhú nó arna athleasú faoi *alt 66(1)* chun críoch an achtacháin arb i dtaca leis atá an comhaontú beartaithe le déanamh;
 - (c) an amhlaidh go ndéanfaí sárú ar an dlí cosanta sonraí de thoradh ar na páirtithe beartaithe do chomhlíonadh théarmaí an chomhaontaithe bheartaithe lena mbaineann;
 - (d) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil leis an bpróiseáil a bheartaítear a ghabháil de lámh faoin gcomhaontú beartaithe lena mbaineann, an achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí arna cur faoi bhráid an Bhoird de réir *alt 56(1)(b)*;
 - (e) a mhéid atá an comhaontú beartaithe lena mbaineann de réir na n-orduithe agus na rialachán, más ann, arna ndéanamh faoin Acht seo;
 - (f) na forálacha den chomhaontú beartaithe lena mbaineann a bhfuil baint acu leis na bearta slándála a chuirfear chun feidhme maidir le sonraí pearsanta a tharchur agus a stóráil agus maidir le rochtain a fháil ar na sonraí sin;
 - (g) na haighneachtaí, más ann, arna ndéanamh mar fhreagairt don iarraidh dá dtagraítear in *alt 55(1)(e)(iii)*;
 - (h) an amhlaidh, i dtuairim an Bhoird, gur ar mhaithe le leas an phobail atá an comhaontú beartaithe lena mbaineann.

- (3) Féadfaidh an Bord, le linn dó athbhreithniú a dhéanamh faoin alt seo, dul i gcomhairle leis na hAirí den Rialtas, más ann, a bhfuil feidhmeanna dílsithe dóibh i ndáil leis na páirtithe beartaithe sa chomhaontú beartaithe lena mbaineann, agus le cibé duine eile is cuí leis an mBord ag féachaint d'ábhar an chomhaontaithe bheartaithe lena mbaineann.
- (4) Tabharfaidh an Bord fógra don cheann-ghníomhaireacht shainainmnithe lena mbaineann tar éis athbhreithniú an Bhoird faoin alt seo a chur i gcrích.
- (5) Maidir le fógra faoi *fho-alt (4)*—
- (a) sonrófar ann na moltaí, más ann, ón mBord i dtaobh leasuithe ar an gcomhaontú beartaithe lena mbaineann,
- (b) i gcás gurb é tuairim an Bhoird go mbaineann a mholtaí le saincheisteanna substainteacha, luafar ann go bhfuil an comhaontú beartaithe le cur faoi bhráid an Bhoird tar éis a leasaithe chun é a athbhreithniú tuilleadh faoin alt seo.
- (6) Déanfaidh na páirtithe beartaithe sa chomhaontú beartaithe lena mbaineann na moltaí, más ann, a mbeidh fógra ina dtaobh tugtha don cheann-ghníomhaireacht shainainmnithe faoi *fho-alt (4)*, a chur i gcuntas agus leasóidh siad an comhaontú beartaithe dá réir.

Leasuithe tar éis athbhreithniú a dhéanamh

58. I gcás go leasófar comhaontú beartaithe tar éis fógra faoi *alt 57(4)* a fháil ina mbeidh an ráiteas dá dtagraítear in *alt 57(5)(b)*, déanfaidh an cheann-ghníomhaireacht shainainmnithe an comhaontú beartaithe, arna leasú, a chur faoi bhráid an Bhoird agus beidh feidhm ag *alt 57* amhail is dá mba dhoiciméadacht a cuireadh faoi bhráid an Bhoird faoi *alt 56(1)* an comhaontú leasaithe.

Comhaontú a fhorghníomhú

59. Más rud é, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontú beartaithe faoi *alt 57*—
- (a) nach sonróidh an Bord aon mholtaí san fhógra arna thabhairt faoi *alt 57(4)* ar scór an athbhreithnithe, nó
- (b) go sonróidh an Bord moltaí san fhógra arna thabhairt faoi *alt 57(4)* ar scór an athbhreithnithe sin agus go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
- (i) nach bhfuil an ráiteas dá dtagraítear in *alt 57(5)(b)* san fhógra;
- (ii) gur deimhin leis na páirtithe beartaithe go gcuirtear na moltaí san fhógra sin i gcuntas sna leasuithe arna ndéanamh acu ar an gcomhaontú beartaithe,
- féadfaidh na páirtithe beartaithe an comhaontú beartaithe a fhorghníomhú.

Foilsíú

60. (1) Cuirfidh an cheann-ghníomhaireacht i leith comhaontú um chomhroinnt sonraí na nithe seo a leanas chuig an Aire—
- (a) laistigh de 10 lá tar éis an comhaontú a fhorghníomhú, cóip den chomhaontú, agus
- (b) laistigh de 10 lá tar éis d'aon pháirtí aontú leis an gcomhaontú nó tarraingt siar as, fógra i scríbhinn i dtaobh an aontachais sin nó i dtaobh na tarraingthe siar sin.

- (2) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna de na doiciméid a bheidh faighte aige nó aici faoi *fho-alt (1)*—
- (a) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus
 - (b) a chur chuig an mBord.
- (3) Foilseoidh an tAire, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici, liosta de na doiciméid go léir a bheidh faighte aige nó aici faoi *fho-alt (1)*.
- (4) Foilseoidh an cheann-ghníomhaireacht i leith comhaontú um chomhroinnt sonraí cóip den chomhaontú ar an suíomh gréasáin arna chothabháil aici a luaithe is indéanta tar éis cóip den chomhaontú a chur chuig an Aire de réir *fho-alt (1)*.
- (5) Foilseoidh an Bord na nithe seo a leanas ar an suíomh gréasáin arna chothabháil aige tar éis cóip den chomhaontú um chomhroinnt sonraí a fháil de réir *fho-alt (2)*:
- (a) cóip den chomhaontú;
 - (b) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta i ndáil leis an bpróiseáil a bheartaítear a ghabháil de lámh faoin gcomhaontú beartaithe, achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;
 - (c) cóip de na moltaí, más ann, a bheidh déanta faoi *alt 57(2)*.
- (6) Déanfaidh an tAire, ar iarraidh a fháil ó Choiste, cóip de chomhaontú um chomhroinnt sonraí a bheidh faighte aige nó aici faoi *fho-alt (1)* a chur chuig an gCoiste sin.
- (7) I *bhfo-alt (6)*, ciallaíonn “Coiste” Coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, seachas—
- (a) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann, nó
 - (b) fochoiste de chuid Coiste dá dtagraítear i *mír (a)*.

Dáta éifeachtach an chomhaontaithe

61. Tiocfaidh comhaontú um chomhroinnt sonraí faoina mbeartaítear go nochtfar sonraí pearsanta in éifeacht ar dháta a fhoilsithe de réir *alt 60(4)*.

Tréimhsí ama agus doiciméadacht

62. (1) Sonróidh an Bord—
- (a) na tréimhsí ama dá dtagraítear in *alt 55(1)(e)(iii)* agus *alt 56*, agus
 - (b) an fhaisnéis a bheidh le cur faoina bhráid de réir *alt 56(1)(d)*.
- (2) Ní giorra ná 14 lá an tréimhse ama a shonróidh an Bord chun críocha *alt 55(1)(e)(iii)*.

CAIBIDIL 3

*Rialachas***Feidhm (Caibidil 3)**

63. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) sonraí pearsanta (lena n-áirítear eárnálacha speisialta sonraí pearsanta), agus
- (b) faisnéis seachas sonraí pearsanta.

Rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin

64. (1) Féadfaidh an tAire, chun na gcríoch dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin a fhorordú i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (a) bunchláranna a oibriú agus a úsáid,
 - (b) daoine d'fháil rochtain ar shonraí pearsanta, is daoine—
 - (i) atá fostaithe ag comhlacht poiblí, nó a shealbhaíonn oifig nó post eile i gcomhlacht poiblí, nó
 - (ii) atá fostaithe ag duine atá ag gníomhú do chomhlacht poiblí nó thar a cheann,
 - (c) taifeadadh a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna sealbhú ag comhlachtaí poiblí, do chomhlachtaí poiblí, nó thar ceann comhlachtaí poiblí,
 - (d) faisnéis a bhainistiú, a ullmhú agus a fhoilsiú lena hathúsáid ag daoine seachas comhlachtaí poiblí,
 - (e) comhlacht poiblí a bheidh sainainmnithe in ordú arna dhéanamh faoi *alt 10(4)* do phróiseáil sonraí pearsanta,
 - (f) comhlachtaí poiblí do sheoladh measúnachtaí tionchair cosanta sonraí, agus
 - (g) nithe eile a bhaineann le faisnéis atá á sealbhú ag comhlachtaí poiblí a bhainistiú.
- (2) Is iad seo a leanas na críocha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:
- (a) feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chruinneas faisnéise arna cruthú, arna sealbhú agus arna cothabháil ag comhlachtaí poiblí;
 - (b) comhroinnt faisnéise níos forleithne a chur chun cinn idir comhlachtaí poiblí de réir an Achta seo agus de réir aon achtachán eile lena ndéantar foráil maidir le comhroinnt faisnéise den sórt sin;
 - (c) cur chuige comhréireach a chinntiú maidir le comhlachtaí poiblí do bhainistiú faisnéise ionas go n-éascófar malartú faisnéise eatarthu;
 - (d) an tairbhe a bhaintear as faisnéis atá á sealbhú ag comhlachtaí poiblí a mhéadú chun na gcríoch seo a leanas—
 - (i) a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh,

- (ii) seirbhísí poiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt,
 - (iii) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí poiblí, agus
 - (iv) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht caiteachais ag comhlachtaí poiblí;
- (e) a chinntiú go ndéanann comhlachtaí poiblí faisnéis a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr i dtaobh cosaint sonraí;
- (f) feabhas a chur ar infhaighteacht agus inrochtaineacht faisnéise, seachas sonraí pearsanta, atá á sealbhú ag comhlachtaí poiblí, lena hathúsáid agus lena hathdháileadh.
- (3) Beidh feidhm ag riail, nós imeachta nó caighdeán a fhorordófar faoi *fho-alt (1)(a)* maidir le faisnéis—
- (a) arna bailiú chun críoch staidrimh de réir an Achta Staidrimh, 1993, nó
 - (b) arna nochtadh de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 2 den Acht um Staidreamh Beatha agus um Chlárú Breitheanna, Bása agus Póstaí, 1952.

Treoirlínte

65. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis comhchomhairle a dhéanamh le cibé Airí eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire, treoirlínte (lena n-áirítear treoirlínte i ndáil le rialacha, nósanna imeachta nó caighdeáin arna bhforordú faoi *fho-alt 64*) a ullmhú agus a eisiúint chun cuidiú le comhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo nó faoi achtacháin eile a bhaineann le comhroinnt sonraí.
- (2) Beidh aird ag comhlachtaí poiblí ar na treoirlínte, más ann, arna n-eisiúint faoin alt seo i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo agus ar na forálacha d'achtacháin eile a bhaineann le comhroinnt sonraí.

Comhaontuithe eiseamláireacha

66. (1) Féadfaidh an tAire, tar éis comhchomhairle a dhéanamh le cibé Airí eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire, comhaontuithe eiseamláireacha um chomhroinnt sonraí a ullmhú nó a athleasú chun críoch an Achta seo nó chun críche achtacháin eile a bhaineann le comhroinnt sonraí.
- (2) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an mBord comhairle a sholáthar i ndáil le comhaontuithe eiseamláireacha um chomhroinnt sonraí a ullmhú nó a athleasú.
- (3) I gcás go mbeifear tar éis comhaontú eiseamláireach um chomhroinnt sonraí a ullmhú nó a athleasú, de réir mar a bheidh, chun críche achtacháin faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh comhlacht poiblí a mbeidh comhaontú um chomhroinnt sonraí á dhéanamh aige chun críoch an achtacháin sin an comhaontú eiseamláireach um chomhroinnt sonraí a úsáid mar bhonn leis an gcomhaontú um chomhroinnt sonraí a bheidh le déanamh aige.

Rialacháin agus treoirlínte a fhoilsiú

67. Foilseoidh an tAire, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici—
- (a) na rialacha, na nósanna imeachta agus na caighdeáin, más ann, arna bhforordú faoi *alt 64*, agus

(b) na treoirlínte, más ann, arna n-eisiúint faoi *alt 65*.

Tuarascáil maidir le comhlíonadh

- 68.** (1) Féadfaidh an Bord, trí fhógra i scríbhinn, a iarraidh ar chomhlacht poiblí tuarascáil maidir le comhlíonadh a sholáthar laistigh de thréimhse ama áirithe.
- (2) Soláthróidh comhlacht poiblí tuarascáil maidir le comhlíonadh don Bhord laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe i bhfógra arna thabhairt don chomhlacht poiblí faoi *fho-alt (1)*.
- (3) San alt seo, ciallaíonn “tuarascáil maidir le comhlíonadh” ráiteas arna shíniú—
- (a) ag an duine arb é an t-oifigeach cuntasáíochta é nó arb í an t-oifigeach cuntasáíochta í, i ndáil le cuntais leithreasa an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998, nó
- (b) i gcás nach bhfuil aon oifigeach cuntasáíochta den sórt sin ann, ag an duine atá i seilbh, nó a chomhlíonann feidhmeanna, oifig phríomh-oifigeach feidhmiúcháin (cibé ainm a thugtar uirthi) an chomhlachta phoiblí,
- ina bhfuil mionsonraí maidir le conas a chomhlíon an comhlacht poiblí a oibleagáidí faoin Acht seo agus faoi na horduithe agus na rialacháin, más ann, arna ndéanamh faoin Acht seo.

CUID 10

ILGHNÉITHEACH

Toirmeasc ar iarrataí ar dhoiciméid áirithe

- 69.** (1) Féadfaidh an tAire, tar éis comhchomhairle a dhéanamh le haon Aire iomchuí den Rialtas agus tar éis aird a bheith aige nó aici ar na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, na nithe seo a leanas a fhorordú—
- (a) doiciméid áirithe nó aicmí áirithe doiciméid nach n-iarrfaidh comhlacht poiblí ar dhuine (seachas comhlacht poiblí) iad a sholáthar ina bhfoirm bhunaidh, i bhfoirm cóipe nó i bhfoirm leictreonach, nó
- (b) úsáidí áirithe ar chun a geríoch nach n-iarrfaidh comhlacht poiblí ar dhuine (seachas comhlacht poiblí) doiciméid áirithe nó aicmí áirithe doiciméad a sholáthar ina bhfoirm bhunaidh, i bhfoirm cóipe nó i bhfoirm leictreonach.
- (2) Ní dhéanfaidh comhlacht poiblí—
- (a) doiciméad nó aicme doiciméid a bheidh forordaithe faoi *fho-alt (1)(a)* a iarraidh, nó
- (b) doiciméad nó aicme doiciméid a iarraidh chun úsáid a bheidh forordaithe faoi *fho-alt (1)(b)* a bhaint as doiciméad nó as aicme doiciméid den sórt sin.
- (3) San alt seo, ciallaíonn “Aire iomchuí den Rialtas” Aire den Rialtas a ndéanfaidh déanamh ordaithe a bheartaítear a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* difear d’fheidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

- (4) Is iad seo a leanas na nithe a mbeidh aird ag an Aire orthu chun críocha *fho-alt (1)*:
- (a) an amhlaidh go n-éascódh an toirmeasc beartaithe feidhm de chuid comhlacht poiblí a chomhall—
 - (i) trí laghdú a dhéanamh ar dhúbailt na dtascanna arna gcomhall ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó,
 - (ii) trí éifeachtúlacht an chomhlachta phoiblí a mhéadú i dtaca leis an bhfeidhm a chomhall, nó
 - (iii) trí fheabhas a éascú ar cháilíocht na seirbhísí atá á seachadadh ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó;
 - (b) an amhlaidh go laghdódh an toirmeasc beartaithe an gá atá ann go soláthródh duine an fhaisnéis chéanna do níos mó ná comhlacht poiblí amháin.

Faisnéis a shonrú

70. (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, chun na gcríoch seo a leanas—
- (a) comhsheasmhacht agus cruinneas níos fearr a chinntiú i dtaobh faisnéis arna sealbhú agus arna bainistiú ag comhlachtaí poiblí, agus
 - (b) méadú a dhéanamh ar an tairbhe a bhaintear as faisnéis arna sealbhú agus arna húsáid ag comhlachtaí poiblí chun na gcríoch seo a leanas—
 - (i) a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh,
 - (ii) seirbhísí poiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt,
 - (iii) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí poiblí, agus
 - (iv) meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht caiteachais ag comhlachtaí poiblí,
- a threorú do chomhlacht poiblí faisnéis nó aicmí faisnéise a bheidh sonraithe sa treorú a bhailiú.
- (2) Féadfar, le treorú faoi *fho-alt (1)*, an fhormáid a shonrú ina stórálfar an fhaisnéis tar éis a bailithe.
- (3) Déanfaidh comhlacht poiblí lena mbaineann treorú faoi *fho-alt (1)* an treorú a chomhlíonadh.
- (4) Tá feidhm ag an alt seo—
- (a) maidir le sonraí pearsanta (lena n-áirítear earnálacha speisialta sonraí pearsanta), agus
 - (b) maidir le faisnéis seachas sonraí pearsanta,
- cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar rialáil ar nochtadh na faisnéise sin leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile.

Faisnéis maidir le comhroinnt sonraí a sholáthar

71. (1) Féadfaidh an tAire treorú a thabhairt do chomhlacht poiblí an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (2)* a sholáthar dó nó di.

(2) Is í seo a leanas an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

- (a) liosta de na socrúithe um chomhroinnt sonraí go léir a mbeidh an comhlacht sin tar éis gabháil dóibh le comhlachtaí poiblí eile faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, ina leagtar amach, i leith gach ceann de na socrúithe sin—
 - (i) ainmneacha na rannpháirtithe sa socrú,
 - (ii) an chríoch ar chuici atá comhroinnt na sonraí,
 - (iii) feidhm an chomhlachta phoiblí lena mbaineann a bhfuil baint ag an gcríoch dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)* léi,
 - (iv) an bonn dlíthiúil atá le comhroinnt na sonraí agus le haon phróiseáil bhreise, arna déanamh ag na páirtithe sa socrú, i dtaca leis an bhfaisnéis arna nochtadh de bhun an tsocráithe,
 - (v) tuairisc ar an bhfaisnéis arna nochtadh de bhun an tsocráithe,
 - (vi) conas a phróiseáiltear an fhaisnéis tar éis a nochtá,
 - (vii) aon srianta le faisnéis a nochtadh tar éis phróiseáil na faisnéise sin dá dtagraítear i *bhfomhír (vi)*,
 - (viii) i gcás go mbeidh measúnacht tionchair cosanta sonraí déanta, achoimre ar na nithe dá dtagraítear in Airteagal 35(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí,
 - (ix) na bearta slándála a bheidh curtha chun feidhme maidir le sonraí pearsanta a tharchur agus a stóráil agus maidir le rochtain a fháil ar na sonraí sin, ar mhodh nach gcuirfidh na bearta slándála sin i mbaol,
 - (x) na ceanglais i ndáil leis na nithe seo a leanas a choinneáil—
 - (I) an fhaisnéis arna nochtadh, agus
 - (II) an fhaisnéis is toradh ar phróiseáil na faisnéise sin,
 ar feadh ré an tsocráithe agus i gcás ina bhfoirceannfar an socrú, agus
 - (xi) an modh a úsáidtear nó a bheidh le húsáid chun na nithe seo a leanas a dhíothú nó a scriosadh—
 - (I) an fhaisnéis arna nochtadh, agus
 - (II) an fhaisnéis is toradh ar phróiseáil na faisnéise sin,
 ag deireadh na tréimhse ar ar a feadh a bheidh an fhaisnéis le coinneáil de réir an tsocráithe;
- (b) aon athrú ar na socrúithe um chomhroinnt sonraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* sa tréimhse ón tráth is déanaí a sholáthair an comhlacht poiblí faisnéis maidir leis na socrúithe um chomhroinnt sonraí sin don Aire;

- (c) cibé faisnéis bhreise a fhorordófar faoi *fho-alt (5)*.
- (3) Féadfar a shonrú le treorú faoi *fho-alt (1)* go soláthrófar an fhaisnéis—
- (a) ar bhonn tréimhsiúil, nó
- (b) gach tráth a dhéanfar socrú nua nó a dhéanfar socrú láithreach a athrú ar aon slí.
- (4) Déanfaidh comhlacht poiblí lena mbaineann treorú faoi *fho-alt (1)* an treorú a chomhlíonadh.
- (5) Féadfaidh an tAire, chun na gcríoch seo a leanas—
- (a) trédhearcacht a mhéadú i dtaca le gníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí maidir leis na comhlachtaí sin do chomhroinnt faisnéise faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, agus
- (b) dea-rialachas a chur chun cinn i dtaca le comhroinnt faisnéise faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile,
- faisnéis bhreise a fhorordú a bheidh le soláthar ag comhlacht poiblí a mbeidh treorú faoi *fho-alt (1)* faighte aige.
- (6) Foilseoidh an tAire, ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige nó aici, an fhaisnéis go léir a bheidh faighte aige nó aici de bhun treorú arna eisiúint faoi *fho-alt (1)*.

Leasú ar Acht 1997

72. Leasaítear alt 917D d’Acht 1997, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “síníú digiteach”:

“ciallaíonn ‘síníú digiteach’, i ndáil le duine—

- (a) deimhniú cáilithe (de réir bhrí an Achta um Thráchtáil Leictreonach, 2000) arna sholáthar don duine ag na Coimisinéirí Ioncaim (nó ag duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin), agus
- (b) síníú leictreonach sárghorbartha (de réir bhrí an Achta sin) arna ghiniúint trí úsáid a bhaint as an deimhniú cáilithe dá dtagraítear i mír (a);”.

Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011

73. Leasaítear alt 17A den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Ní bheidh san áireamh in aon fhaisnéis a sholáthrófar don Aire faoi fho-alt (1) aon sonraí pearsanta (de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí), mura soláthrófar an fhaisnéis sin de réir *Chuid 5* den *Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019*.”.

Leasú ar an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005

74. Leasaítear Sceideal 5 a ghabhann le hAcht 2005 trí “an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnta,” a chur isteach i ndiaidh “an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta” i mír 1(4).

Leasú ar an Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017

75. Leasaítear alt 6 den Acht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, 2017, i bhfo-alt (1), trí “*An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte*” a chur in ionad “Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte” sa leagan Béarla.

AN SCEIDEAL

Alt 10(5)

COMHLACHTAÍ NACH BHFUIL FEIDHM AG AN MÍNIÚ AR “COMHLACHT POIBLÍ” MAIDIR LEO

1. Aon chomhlacht corpraithe a bunaíodh le hAcht Parlaiminte roimh an 6 Nollaig 1922 ar chomhlacht de chineál tráchtála é, ar é a bhunú.
2. An Post.
3. Bord na gCon.
4. Bord na Móna Cpt.
5. Banc Ceannais na hÉireann.
6. Córas Iompair Éireann.
7. Coillte, Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe.
8. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe.
9. Údarás Aerfort Chorcaí, cuideachta phoiblí theoranta.
10. ÚABÁC, cuideachta phoiblí theoranta.
11. Cuideachta Phort Dhroichead Átha.
12. Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath.
13. EirGrid Cpt.
14. Bord Soláthair an Leictreachais.
15. Ervia.
16. Cuideachta Chuan na Gaillimhe.
17. Rásaíocht Capall Éireann.
18. Údarás Eitlíochta na hÉireann.
19. Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin.
20. Cuideachta Phort Chorcaí.
21. Cuideachta Phort Phort Láirge.
22. Raidió Teilifís Éireann.
23. Údarás Aerfort na Sionna, cuideachta phoiblí theoranta.
24. Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge.
25. Teilifís na Gaeilge.
26. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.
27. Fochuideachta do chomhlacht lena mbaineann an Sceideal seo, lena n-áirítear fochuideachta d'fhochuideachta den sórt sin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€6.60

